

2040 Éire  
ár bPlean  
**Saincheisteanna agus Roghanna**

**2017 Feabhra**



# Clár na nÁbhar

## Éire 2040 Ár bPlean Saincheisteanna agus Roghanna

<b>Minister's Foreword</b>	<b>2</b>
<b>1.0 Réamhrá</b>	<b>4</b>
<b>2.0 Dúshlán Phleanála Náisiúnta na hÉireann</b>	<b>7</b>
2.1 Athrú agus Fás sa Todhchaí	7
2.2 Patrún um Fhorbairt le Déanaí	9
2.3 Gnó Mar Is Gnách	12
2.4 Ag foghlaim ónár dTaithí	13
<b>3.0 Sláinte agus Folláine na nDaoine</b>	<b>16</b>
3.1 Cad a chiallaíonn an NPF do Shláinte agus Folláine?	16
3.2 Treochtaí a bhfuil Tionchar acu ar ár gcuid Sláinte agus Folláine	17
3.3 Ag Nascadh Sláinte agus Folláine le hÁit	20
<b>4.0 Straitéis um Comhforbairt Áite</b>	<b>23</b>
4.1 Ár bPríomhchathair, ár gCathracha agus ár mBailte	23
4.2 Deiseanna dár Réigiúin	26
4.3 Acmhainneacht Tuaithe na hÉireann	30
4.4 Éire i gComhthéacs Uile-Oileáin	34
4.5 Forbairt Mhuirí agus Talún Comhtháite	38
<b>5.0 Comhshaol Uathúil na hÉireann – Inbhuanaitheacht</b>	<b>42</b>
5.1 Forbairt agus Athrú ar Úsáid Talún	42
5.2 Gníomhú ar son na hAeráide	43
5.3 Éire á hAthfuinnmhiú	44
5.4 Oidhreacht agus Tírdhreach	45
5.5 Infreastruchtúr Glas agus Bithéagsúlacht	45
<b>6.0 Éire a Ullmhú d'Fhorbairt na Todhchaí - Infreastruchtúr</b>	<b>47</b>
6.1 An Caighdeán á Leagan Síos	47
6.2 Scála agus Tionchar	48
<b>7.0 An Fhís á Cumasú – An Creat Pleanála Náisiúnta á Chur i bhFeidhm</b>	<b>50</b>
7.1 Tiomantas agus Struchtúir	50
7.2 Príomh-Bhreithnithe Beartais	51



## Réamhrá an Aire

Cén bhail a bheidh ar Éirinn i gceann 20 bliain? Is ceist bhunúsach í nach féidir le haon duine a fhreagairt go cinnte, ach ar bhunús an mhéid atá ar eolas againn faoi láthair, is féidir linn a roghanna eolasacha straitéiseacha a dhéanamh anois faoi na cineálacha dúshlán agus deiseanna a bheidh ann sa todhchaí. Mar shampla, tá a fhios againn go mbeidh níos mó againn ann. Beidh suas le milliún duine bhreise in Éirinn agus beidh muid níos sine ar an meán, agus beidh a dhá oiread daoine os cionn 65 is atá ann inniu. Ach cá mbeidh siad ina gcónaí? Cá háit ar cheart dóibh a bheith ina gcónaí? Cén chaoi a mbeidh siad in ann teacht ar na seirbhísí a theastaíodh uathu? Cén chaoi a dtaistealóidh siad ó áit go háit?

Is féidir linn a bheith ag súil leis na hathruithe sin agus go leor athruithe eile sna blianta amach romhainn, mar sin tá sé riachtanach plean foriomlán fadtéarmacha a leagan amach don tír. Is léir freisin nach amháin go mbeidh roghanna níos fearr ó thaobh cineálacha éagsúla tithíochta agus deiseanna fostaíochta ag teastáil, ach ó bheidh ár ndaonra ag fás beidh níos mó scoileanna agus áiteanna tríú leibhéal ag teastáil agus bonneagar níos fearr de gach cineál, lena n-áirítear bonneagar iompair, fuinneamh, cumarsáid, cúram sláinte agus áiseanna caitheamh aimsire.

Más mian linn go mbeidh ár dtír chomh maith agus is féidir léi a bheith, ní mór dúinn a chinntiú go ndéanfar forbairt agus go gcuirfear seirbhísí ar fáil sna háiteanna sin inar féidir freastal ar ár ndaoine go léir sa chaoi is fearr. Ciallaíonn sé go gcaithfear an fhorbairt cheart a dhéanamh sna háiteanna cearta ag an am ceart.

Is é fírinne an scéal nár thapaíomar na deiseanna i gcónaí a d'fhéadfadh dea-phleanáil a thabhairt dúinn. Chuir sé sin cosc linn ár n-acmhainn iomlán eacnamaíochta, sóisialta, cultúrtha agus spásúlachta a bhaint amach. Creidim go daingean má leanaimid ar aghaidh ag déanamh rudaí faoi mar atá déanta againn le fiche bliain anuas, is féidir linn a bheith beagnach cinnte de go mbeidh torthaí den chineál céanna againn san fhiche bliain atá romhainn agus go gcuirfimid leis na fadhbanna atá againn faoi láthair ó thaobh cáilíocht na beatha. Má leanaimid ar aghaidh leis na nósanna a bhí againn go dtí seo ní bhainfimid amach ár bhfís náisiúnta ná na spriocanna atá againn go léir, mar shampla, caighdeán feabhsaithe maireachtála a bheith againn, go bhféadfaidh daoine cónaí i bpobail shábháilte bríomhara agus go mbeidh sláinte agus folláine acu ar feadh a saol. Lena chois sin ní fhorbróimid an cumas chun freastal ar ár n-oibleagáidí comhshaoil is ní bheimid in ann freagra a thabhairt ar athrú aeráide. Nuair a chuirimid san áireamh nach féidir an leibhéal céanna fáis nó fiú an cineál céanna fáis tarlú i ngach áit, caithfear tosaíochtaí áirithe a cheapadh agus roinnt roghanna deacra a dhéanamh. Lena chois sin caithfear coincheap maidir le forbairt éifeachtach réigiúnach a chur in áit an choincheapa um fhorbairt chothrom réigiúnach - leas a bhaint as na buntáistí atá againn seachas glacadh leis go n-oireann múnla amháin do gach limistéar.

Tá deis uathúil, spreagúil againn anois chun pleanáil a dhéanamh go mbeidh saol níos fearr ag gach aon duine - ach chuige sin caithfear cinntí móra a dhéanamh ar féidir leanúint ar aghaidh leo agus iad a chur i bhfeidhm thar thréimhse fhada ama. Ciallaíonn sé sin gur gá dúinn ar an gcéad dul síos pleanáil chun rudaí a dhéanamh ar bhealach éagsúil.

Tá deis againn anois sa Phlean Éire 2040 breathnú amach romhainn mar náisiún agus pleanáil fhadtéarmach a dhéanamh don chéad fhiche bliain eile nó níos faide. Spreagann na saincheisteanna atá leagtha amach sa pháipéar comhairliúcháin tosaigh seo muid chun ceisteanna ionraice a chur orainn féin faoin chaoi ar cheart d'Éirinn a bheith i gceann 20 bliain. Más féidir linn na cineálacha torthaí a shamhlú ar mhaith linn a fheiceáil is féidir linn tosú ag aithint na rudaí is gá a dhéanamh chun iad a bhaint amach.

Chomh maith le smaoineamh ar an gcineál saoil a bheidh ag ár muintir agus ag ár bpobail sa todhchaí, beidh impleachtaí ag an bpróiseas seo do na cineálacha bonneagair a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uainn sa todhchaí, don bhaint a bheidh againn lenár dtimpeallacht agus don chaoi a gcuirfimid muid féin in oiriúint do na brúnna agus do na costais a bhainfidh le hathrú aeráide. Ní mór dúinn an idirghníomhaíocht le Tuaisceart Éireann agus lenár gcríoch mhara níos leithne a mheas. Beidh sé ríthábhachtach a aithint cad is gá a dhéanamh lena chinntiú gur féidir linn plean comhtháite a mbeidh rath air a chur i bhfeidhm.

Cé gur féidir linn a rá go mbeidh an-athruithe ann mar sin féin ní thiocfaidh aon athrú mór ar na luachanna atá againn mar shochaí. I saol éiginnte atá ag éirí níos domhandaithe i gcónaí, is iad na rudaí seo a leanas, na pobail agus na háiteanna a dtuigimid go mbainimid leo, ár n-oidhreacht uathúil ealaíonta agus cultúrtha, an meas atá againn ar cheartas sóisialta, 'cothrom na féinne', ar mhúnla Eorpach maidir le cuimsiú a chinntíonn gur pobal ar leith muid agus cónaí orainn in áit ar leith. Cuirfidh ár luachanna agus ár láidreachtaí sainiúla - gur dream uathúil Éireannach muid atá bródúil as a bheith inár gcuid den Eoraip, go bhfuilimid fáilteach, dinimiciúil, solúbtha agus oscailte don saol is do dhaoine eile, go réitimid fadhbanna agus go ngruthaímid deiseanna, go dtógaimid pobail agus gur cruthaitheoirí cultúrtha muid, éileoidh siad sin cur chuige uathúil Éireannach maidir le pleanáil dár dtír agus dár bpobail san am atá le teacht agus cuirfidh siad sin bunsraith ar fáil chuige.

Molaim do gach duine agaibh féachaint cén sórt tíre ar mhaith libh a fheiceáil in Éirinn in 2040 agus bhur dtuairimí a nochtadh ar na saincheisteanna ríthábhachtacha atá leagtha amach sa pháipéar seo agus a insint cén chaoi ar féidir linn an plean is fearr a fhorbairt d'Éirinn go dtí 2040 agus ina dhiaidh sin.

**Simon Coveney T.D.**

An tAire Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil



# 1 Réamhrá

## 1.1 Cuspóir

- 1.1.1 Is é cuspóir an pháipéir seo ná na príomh-shaincheisteanna agus na roghanna féideartha a leagan amach maidir le forbairt na hÉireann mar áit, i ndiaidh 100 bliain de státacht ar feadh fiche bliain ina dhiaidh sin, go dtí 2040. Is é seo an chéad chéim ollmhór i dtreo plean spásúlachta náisiúnta don Tír a ullmhú, agus raon fachtóirí sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil a chur san áireamh, agus ciallaíonn an téarma ‘spásúlacht’ ‘spás’ nó ‘áit’.
- 1.1.2 Beartaítear go mbeidh Plean na hÉireann 2040 mar cháipéis d’ardchaighdeán a chuirfidh creat ar fáil le haghaidh forbartha agus infheistíochta sa todhchaí in Éirinn. Beidh sé an Plean foriomlán ina dtabharfar treoir do phleananna níos mionsonraithe, agus dá bharr sin, cuireadh an teideal ‘Creat’ Pleanála Náisiúnta, lena n-áirítear pleananna forbartha cathrach agus contae agus straitéisí réigiúnacha. Beidh tacaíocht reachtúil ag an gCreat Pleanála Náisiúnta.
- 1.1.3 Tá an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil i gceannas an Creat Pleanála Náisiúnta nó ‘NPF’ a ullmhú ar son an Rialtais, le rannpháirtíocht ó Ranna agus Gníomhaireachtaí eile. Beidh sé thar a bheith ábhartha nuair a bheidh gné fadtéarmach, bunaithe ar áit ag baint le beartas agus infheistíocht phoiblí, lena n-áirítear réimsí ar nós tithíocht, poist, iompar, oideachas, sláinte, comhshaol, fuinneamh agus cumarsáid.
- 1.1.4 Is é ceann de na príomhchuspóirí a bhfuil le hullmhú an NPF ná na réimsí saineiúla roinne nó ‘earnála’ seo a chomhordú isteach i straitéis fhoriomlán. Leis seo, ligfear do phlé níos leithne a dhéanamh ar spriocanna coiteanna um fhorbairt náisiúnta, lena n-áirítear feabhas ar chaighdeán mhaireachtála, caighdeán na beatha, rathúnas, iomaíochas agus inbhuanaitheacht chomhshaoil. Ina theannta sin, tabharfar soiléireacht níos fearr ar infheistíocht ón earnáil phríobháideach.
- 1.1.5 Beidh an Creat Pleanála Náisiúnta mar uirlis chomh maith chun cabhrú le forbairt réigiúnach níos éifeachtaí a bhaint amach. D’fhonn a chinntiú gur féidir daoine ar fud na hÉireann leas a bhaint as na torthaí dearfacha a thagann as fás náisiúnta, beidh gá leis an acmhainneacht de gach réimse a chur i gcrích, maidir lena gcumas d’fhorbairt inbhuanaithe.
- 1.1.6 Trí bhreathnú ar aghaidh ar bhealach comhordaithe, straitéiseach, beidh an NPF ag féachaint ar an modh is fearr a aithint chun oibriú i dtreo na spriocanna coiteanna go léir ar mhaithe leis an tír ina hiomlán. Chun cur i bhfeidhm a chinntiú, beidh ar an gCreat nascadh fíor a dhéanamh idir na spriocanna seo agus na háiteanna.

- 1.1.7 Ní fhéadtar a bheith lánchinnte agus cur síos a dhéanamh ar an gcineáil áite a mbeidh Éire sa bhliain 2040, ach mar thoradh ar an nádúr fadtéarmach de phleanáil straitéiseach, is cinnte go mbeidh tionchar díreach ag na roghanna agus na cinntí a dhéantar anois ar na torthaí sa todhchaí. Dá réir sin, moltar gurb í an cheist is tábhachtaí a chaithfear a chuir ag tús an phróisis den Chreat Pleanála Náisiúnta ná cén fíis ar chóir a bheith againn:-

*Cén saghas áite ar chóir go mbeadh Éire sa bhliain 2040 agus cad atá le déanamh againn d'fhonn í seo a bhaint amach?*

## 1.2 Próiseas Comhairliúcháin

- 1.2.1 Is éard atá sa pháipéar seo um shaincheisteanna agus roghanna ná cáipéis chomhairliúcháin a ullmhaíodh sula ndréachtófar an Creat Pleanála Náisiúnta nua. Is céim fhíorthábhachtach é comhairliúchán in ullmhú agus dréachtú an NPF agus tá sí mar aidhm ag an gcomhairliúchán tosaigh seo plé agus díospóireacht náisiúnta a spreagadh maidir le forbairt spásúil na hÉireann sa todhchaí.
- 1.2.2 Ceapadh an páipéar seo um shaincheisteanna agus roghanna chun léargas a thabhairt do mhuintir an phobail agus do na páirtithe go léir a bhfuil suim acu ann, léargas ar roinnt de na príomh-shaincheisteanna náisiúnta a bhfuil tionchar acu ar Éirinn sa lá atá inniu ann. Chomh maith leis sin, tugtar an deis tuairimí agus moltaí a chur faoi bhráid maidir leis na saincheisteanna ar tháinig chun cinn agus ábhair eile a mheastar go bhfuil baint acu leis an gCreat Pleanála Náisiúnta. Iarrtar go ndéanfar na haighneachtaí i scríbhinn agus go bhfuil baint acu le hábhair:-
- a bhfuil tábhacht náisiúnta ag baint leo;
  - a bhfuil nádúr straitéiseach acu; agus
  - a bhfuil béim curtha ar 'spásúlacht' nó ar áit.

## 1.3 Aighneachtaí

- 1.3.1 Maidir leis an chéad chéim i bpróiseas an Chreat Pleanála Náisiúnta féadtar aighneachtaí i scríbhinn a dhéanamh idir 9n Déardaoin 2 Feabhra 2017 agus meán lae Déardaoin 16 Márta 2017.

- 1.3.2 Féadfaidh tú aighneacht a dhéanamh trí:

1. Dul ar líne: díreach logáil isteach ar ár suíomh gréasáin [www.ireland2040.ie](http://www.ireland2040.ie) agus lean na treoracha a thugtar;  
Nó,
2. Ríomhphost a sheoladh chuig an seoladh ríomhphoist seo a leanas [npf@housing.gov.ie](mailto:npf@housing.gov.ie);  
Nó,
3. Scríobh chuig an seoladh seo a leanas:

**NPF Submissions, Forward Planning Section, Department of Housing, Planning, Community and Local Government (Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil), Teach an Chustaim, Baile Átha Cliath D01 W6X0.**

- 1.3.3 Is é meán lae Déardaoin 16 Márta 2017 an spriocdháta do na haighneachtaí go léir. Ní fhéadfaimid glacadh le haighneachtaí don chéim réamhdhréachtaithe seo i ndiaidh an spriocdháta sin. Iarraimid ort d'aighneacht a chur isteach trí mhodh amháin, cibé leictreonach ná cóip chrua.

Ba chóir go mbeadh an méid seo a leanas san áireamh sna haighneachtaí go léir.


- D'ainm agus sonraí d'aon eagraíocht, grúpa pobail nó cuideachta a bhfuil tú ag déanamh ionadaíochta dó/di.
- Seoladh le haghaidh comhfhreagrais.
- D'aighneacht maidir le saincheisteanna pleanála ábhartha don Chreat Pleanála Náisiúnta.

- 1.3.4 Beidh tuilleadh deiseanna don phobal agus do na páirtithe go léir a bhfuil suim acu ann aighneacht a chur isteach maidir le planáil straitéiseach agus treoir bheartais an NPF, ag céim níos déanaí sa phróiseas.

**Tabhair faoi deara le do thoil go bhféadfaí na haighneachtaí a fhoilsiú ar ár suíomh gréasáin agus faoi réir Shaoráil Faisnéise. Tabharfar aird ar na haighneachtaí, ach ní bheimid ábalta freagraí aonair a thabhairt.**

**Figure 1:**

Príomhchéimeanna agus clocha míle d'ullmhú Éire 2040



## 2

## Dúshláin Phleanála Náisiúnta na hÉireann

### 2.1 Athrú agus Fás sa Todhchaí


- 2.1.1** Tá athrú tagtha ar shochaí agus geilleagar na hÉireann le fiche nó tríocha bliain anuas. Le linn dhá ghlúin, tá níos mó oideachais agus dearcadh níos oscailte againn sa tír. Is tír fhuinniúil, ilchineálach í ina bhfuil béim ar theicneolaíocht. Leis an inoiriúnaitheacht agus cumas seo d'athrú, ligtear d'Éirinn éirí sách saibhir agus rathúil, leis an gcobhsaíocht agus mianach a bhí ag teastáil chun na géarchéimeanna tromchúiseacha a bhí romhainn mar Náisiún a shárú
- 2.1.2** Tuigtear gur tír fhorbartha, fhorásach í Éire, gur ball seanbhunaithe den Aontas Eorpach é, i suíomh uathúil agus tá naisc láidre eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha aici leis an Ríocht Aontaithe, an Eoraip agus na Stáit Aontaithe. Leantar leis an athrú atá ar an gcomhthéacs ina bhfeidhmímid agus tá sé tábhachtach go leanann Éire ar aghaidh á cur í féin in áit mhaith d'fhás agus rath i dtimpeallacht dhomhanda atá ag éirí níos iomaíche.
- 2.1.3** Is é an príomhchuspóir de rath eacnamaíoch ná a chinntiú go mbíonn feabhas inbhuanaithe á cur ar chaighdeán mhaireachtála agus caighdeán na beatha dár saoránaigh go léir. Leis seo, tugtar an deis is fearr chun a bheith ar thóir príomhchuspóirí sóisialta agus comhshaoil, ar nós dul i ngleic le míbhuntáiste agus freagairt ar an athrú aeráide.
- 2.1.4** Le dul chun cinn leanúnach, beidh orainn bealaí nua a aithint lena n-éascaítear feidhmiúchán níos fearr d'fhonn torthaí a bhaint amach, torthaí a dhéanann difríocht ar an scála náisiúnta. Nuair a ullmhaítear agus nuair a chuirtear i bhfeidhm Creat Pleanála Náisiúnta a d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar phátrún spásúil na forbartha ar fud na tíre, tugtar deis dá leithéid dúinn.
- 2.1.5** Ó na 1990idí ar aghaidh tá fás tagtha ar Éirinn ar scála nach bhfacthas roimhe, in ainneoin an tionchair de chúlú eacnamaíochta. Tá méadú de 1.1 milliún duine tagtha ar ár ndaonra agus is ionann é agus 4.75 milliún. Mhéadaigh ár stoc tithíochta le 750,000 go os cionn dhá mhilliún teach. Tá méadú tagtha ar an bhfostaíocht chomh maith, méadú de 660,000 suas go dtí dhá mhilliún duine sa bhliain 2017.




## Athrú Daonra (%), 1991 go 2016

De réir Toghroinne (ED)



Cathair na Gaillimhe




Cathair Luimnigh



Cathair Chorcaí



Eochair Eolais



Uimh. Cheadúnais Suirbhéireacht Ordánais Éireann  
Suirbhéireacht Ordánais Éireann Rialtas na hÉireann  
Foinse Sonraí : CSO

- 2.1.6** Tá sé thar a bheith suntasach go bhfuil fás agus athrú le leanúint ar aghaidh. Beidh níos mó daoine ann a bheidh níos ilchineálaí agus níos sine agus beidh gá le tuilleadh tithe agus post, le tacaíocht ó infreastruchtúr, seirbhísí agus saoráidí nua. In Éirinn, san fhiche bliain atá amach romhainn:-
- Táthar ag súil go dtiocfaidh méadú de trí cheathrú de mhilliún duine ar an daonra, go timpeall 5.6 milliún, ach d'fhéadadh sé a bheith níos airde.
  - Méadófar faoi dhó líon na ndaoine a bheidh os cionn 65 bliain d'aois, agus beidh níos mó ná milliún duine a bheidh os cionn 65 bliain d'aois.
  - Is cosúil go dtiocfaidh laghdú ar mheánlíon na ndaoine in aghaidh gach teaghlach áitithe, laghdú go timpeall is beirt per áitreabh (faoi láthair is ionann an meánlíon agus 2.7);
  - Beidh gá le leath mhilliún teach nua ar a laghad, is ionann é sin agus 25,000 teach breise gach bliain.
  - Beidh níos mó daoine ag obair ná mar a bhí riamh, lena sáraítear an t-uasmhéid roimhe seo (Q1 2008) de beagnach 2.2 milliún agus le fás leanúnach, is cosúil go mbeidh os cionn 2.5 milliún ag obair san iomlán;
  - Beidh an t-éileamh is mó ar áiteanna san oideachas tríú leibhéal i lár agus deireadh na 2020idí;
  - Beidh tionchar ag imirce ar an gcaoi a bhfásann agus a n-athraíonn an daonra;
  - Beidh béim mhéadaithe ar shláinte agus ar fholláine, lena n-áirítear stíleanna maireachtála níos gníomhaí agus béim ar mheabhairshláinte, ós rud é go mbeidh daoine ag maireachtáil níos faide;
  - Beidh gá le straitéisí forbartha a ailíniú le straitéisí sóisialta, lena n-áirítear maidir le comhtháthú na pobail imirceach agus tacú le rochtain agus deiseanna do dhaoine faoi mhíchumas;
  - Beidh gá le comhlíonadh le riachtanais chomhshaoil maidir le feabhas ar cháilíocht aeir agus uisce, ithreacha, cosaint bhithéagsúlachta agus gnáthóg;
  - Beidh gá le hoiriúnú don athrú aeráide agus spriocanna um laghdú astuithe, um éifeachtúlacht fuinnimh agus um fhoinsí in-athnuaite a bhaint amach, ionas go mbeidh Éire mar thír inbhuanaithe, ísealcharbóin agus go mbeidh sí seasmhach ó thaobh na haeráide de faoin mbliain 2050.
- 2.1.7** D'fhonn aghaidh a thabhairt ar fhás agus athrú réamh-mheasta sa todhchaí in Éirinn, beidh ar an gCreat Pleanála Náisiúnta cinntí a éascú maidir le hinfheistíocht agus beartas poiblí agus príobháideach le doimhneacht áitbhunaithe, atá le treorú agus tús áite a thabhairt dó ar bhealach a fhéadtar an tír ar fad leas a bhaint as.

## 2.2 Patrún um Fhorbairt le Déanaí

- 2.2.1** Tarlóidh fás agus athrú fiú mura bhfuil Creat Pleanála Náisiúnta ann agus beidh tionchar acu ar phatrún spásúlachta na forbartha in Éirinn. In éagmais Chreat Pleanála Náisiúnta éifeachtaigh, comhaontaithe, is cosúil go leanfar leis na treochtaí faoi láthair. Ba é an patrún sainiúil d'fhorbairt spásúil in Éirinn le fiche nó tríocha bliain ná:-
- Lonnaíocht, i.e. go ginearálta, tá an áit ina bhfuil cónaí ar dhaoine, níos scaipthe amach, agus fostaíocht, i.e. go ginearálta, tá an áit ina mbíonn daoine ag obair níos dlúithe laistigh de líon níos lú de cheantair.
  - Cé go raibh an méadú daonra dírithe ar láir uirbeacha ní ba mhó, tharla sé den chuid is mó sna 'cúlchríocha' mórthimpeall. Ciallaíonn sé seo ag imeall na lonnóchta nó sna bailte agus ceantair tuaithe mórthimpeall;


- Bhí fás fostaíochta le feiceáil is mó sna láir níos mó, ach tharla sé den chuid is mó ag imeall na lonnaíochta nó níos gaire do limistéir láir;
- Go ginearálta, tharla laghdú i gceantair tuaithe a bhfuil níos lú rochtana orthu; bailte níos lú lasmuigh de chúlchríocha na gcathracha nó na mbailte níos mó; agus i roinnt de na páirteanna uirbeacha ionchathrach agus bailte móra níos seanbhunaithe;
- Tá dlúth daonra agus gníomhaíochta eacnamaíche ag dul i méid in Oirthear na Tíre, le go leor den fhás a bhaineann le Baile Átha Cliath ag tarlú sna deich gcontae eile, ón gCabhán go dtí Loch Garman.

Tugtar an cás ‘gnó mar is gnách’ ar leanúint an phatrúin spásúil seo.


- 2.2.2** Le linn fiche bliain anuas, tharla an méadú daonra ba mhó i bhFine Gall (Contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh), Corcaigh lasmuigh de limistéar Chomhairle Cathrach Chorcaí, Cill Dara agus sa Mhí. Le linn na tréimhse chéanna, tá na rátaí is airde um fhás an daonra, i dtéarmaí céatadán, ag an Mhí, Fine Gall agus Cill Dara, in éineacht le Laois.
- 2.2.3** B’ionann agus fás an daonra sna cúig Chontae réamhluaite in éineacht le Contae na Gaillimhe (i.e. lasmuigh de limistéar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe) agus níos mó ná leath milliún duine, nó 45% d’iomlán an Náisiúin, le linn fiche bliain anuas. Ciallaíonn sé seo nach bhfuil beagnach leath de dhaoine breise na hÉireann ach i sé limistéar údaráis áitiúil ó 1996 ar aghaidh, atá taobh le cathair Bhaile Átha Cliath, cathair Chorcaí agus cathair na Gaillimhe ach ní chuirtear na cathracha seo san áireamh.

## Suíomh Post, 2011 De réir Ceantar Beag (SA)


Cathair na Gaillimhe



Cathair Luimnigh



Cathair Chorcaí




Eochair Eolais




Uimh. Cheadúnais Suirbhéireacht Ordánais Éireann  
Suirbhéireacht Ordánais Éireann Rialtas na hÉireann  
Foinse Sonraí : CSO

Cathair Bhaile Átha Cliath



Cathair Phort Láirge



- 2.2.4** In éineacht leis na sé chontae eile lena gcumhdaítear an mórchrios comaitéireachta Baile Átha Cliath, ciallaíonn sé seo gur tharla níos mó ná 60% d'fhás an daonra náisiúnta le linn fiche bliain anuas i limistéir a raibh rochtain acu ar chúlchríocha Bhaile Átha Cliath, Corcaí agus ar chúlchríocha na Gaillimhe, ach níor tharla sé sna cathracha iad féin. Tá an claonadh i dtreo patrún ginearálta d'fho-uirbiú, a d'fhéadfaí an focal 'sraoilleáil' a chur air.
- 2.2.5** Ar an mbealach céanna agus ar tháinig méadú ar dhaonra na lonnaíochta mórtimpeall na limistéar uirbeach níos mó, tháinig méadú freisin ar na limistéir tuaithe mórtimpeall na gcathracha agus na mbailte móra. Tá sé níos cosúla gur tharla meathlú leanúnach ar an daonra le linn fiche bliain anuas sna limistéir tuaithe agus bailte beaga nach bhfuil mórán rochtana acu ar chathracha agus ar bhailte níos mó.
- 2.2.6** Cé gur tháinig méadú go ginearálta ar an daonra i ngach Contae le linn cúig bhliain déag anuas roimh 2011, ón mbliain sin ar aghaidh, tharla glanchailteanas daonra le chéile sna cúig chontae ar an taobh thiar thuaidh den tír, atá taobh le chéile, is iad sin Contae Dhún na nGall, Maigh Eo, Sligigh, Liatroma agus Ros Comáin, chomh maith le Contae Mhuineacháin. Ciallaíonn an fás an-bheag nó atá ag ísliú go raibh glanlaghdú de 1,300 duine sna sé Chontae seo ón mbliain 2011 ar aghaidh.
- 2.2.7** Is léir go raibh tionchar ag an bhforbairt den ghréasán mótarbhealaigh náisiúnta le linn fiche bliain anuas ar an bpatrún lonnaíochta, go háirithe i gCúige Laighin, ina bhfuil an chuid is mó den bhéim curtha. Tá dlúth daonra agus gníomhaíochta eacnamaíche ag teacht chun cinn ar chonairí den M1 Baile Átha Cliath-Dún Dealgan agus den M7/M9 Baile Átha Cliath-Portlaoise-Ceatharlach, lena léirítear dlúth de bhailte níos mó agus a gcuid cúlchríocha.
- 2.2.8** Bíonn tionchar ag fachtóirí ar scaipeadh lonnaíochta lasmuigh de limistéir uirbeacha, fachtóirí ar nós tithíocht, inacmhainneacht, go háirithe maidir le toise an áitribh, dlús agus infhaighteacht/soláthar. Ceaptar go bhfuil caighdeán na beatha níos airde nuair a mheastar é i leith imní faoi iompraíocht fhrithshóisialta, trácht nó rochtain ar roinnt seirbhísí i limistéir uirbeacha. Éascaítear an roghnachas seo leis an leitheadúlacht de thailte suntasacha a criosaíodh chun críche cónaithe a bhfuil le formhór na lonnaíochtaí agus beartais phleanála áitiúla thacúla.
- 2.2.9** Cé go bhfuil an fhiontraíocht níos soghluaiste anois, bíonn sé níos cosúla go lonnódh fostóirí go dtí áiteanna ina bhfuil buíonta níos mó de lucht saothair. Agus dá bharr, i gcodarsnacht le lonnaíocht, tá patrún spásúil na fostaíochta dírithe den chuid is mó ar chéimíúlacht uirbeach na gcathracha agus na mbailte móra. Ina theannta sin, tá sé ag éirí níos coitianta d'fhostaithe a bpoist a athrú níos minice agus nuair a oibríonn an bheirt pháirtí i lánúin lasmuigh den bhaile, d'fhéadfaí gur mian leo rochtain a fháil ar fhostaíocht a bheidh iomchuí do riachtanais an bheirt acu. Leis na fachtóirí seo, neartaítear tuilleadh an claonadh i dtreo inrochtaineachta ar raon níos mó d'fhostaíocht agus is mó seans go mbeidh sí laistigh de nó mórtimpeall na limistéar uirbeach atá níos mó.
- 2.2.10** I measc na bhfachtóirí eile lena spreagtar suíomh na fostaíochta tá scála, rochtain ar mhargáí agus ar sholáthraithe, cóngarachta do thaighde agus do nuálaíocht agus infhaighteacht na ngréasán cumarsáide, iompair, fuinnimh agus uisce. Nuair a chuirtear í le chéile le meath ar líon na ndaoine a fhostaítear in earnálacha níos traidisiúnta a bhaineann le talmhaíocht, mianadóireacht agus le blianta beaga anuas, an earnáil tógála, tá suíomh an fhás fostaíochta níos seasta ná suíomh an fhás lonnaíochta.

## 2.3 Gnó Mar Is Gnách

- 2.3.1** Cé go bhféadfadh leanúint ar aghaidh leis na treochtaí faoi láthair, nó 'Gnó mar is Gnách' a bheith ina cás féideartha don todhchaí maidir le fás agus athrú in Éirinn, níl sé seo inmhianaithe ar chúiseanna éagsúla:-
- Ba chúis é do róforbairt i roinnt áiteanna agus meath in áiteanna eile. Mar thoradh air seo, d'fhéadfadh seirbhísí agus saoráidí a bheith ag teastáil go tapa i go leor limistéar éagsúil, agus i limistéir eile ní úsáidtear i ndóthain iad; Dá bharr bíonn sé costasach agus deacair pleanáil i gcomhar riachtanas don todhchaí.
  - Bhí tionchar aige ar sholáthar tráthúil agus éifeachtach de raon seirbhísí agus saoráidí a bhaineann le sláinte agus folláine na ndaoine.
  - Dá bharr, bíonn ar dhaoine taisteal níos faide, leis an gcarr go minic, agus bíonn spleáchas cairr agus brú tráchta mar thoradh air seo, chomh maith le ham agus fuinneamh curtha amú mar gheall ar chomaitéireacht;
  - Dá bharr, tá sé deacair iompar poiblí inmharthana, i.e. minic, iontaofa, éifeachtach agus éifeachtúil ó thaobh costais de i bhformhór na n-áiteanna lasmuigh den cheantar uirbeach de Bhaile Átha Cliath.

- Níl torthaí cothroma ann maidir le fás uirbeach nó tuaithe dá bharr, go háirithe lasmuigh de na limistéir chúlchríocha mórtimpeall na gcathracha agus na mbailte is mó;
  - Tá tionchar aige ar chomhtháthú sóisialta agus i roinnt áiteanna neartaíodh an míbhuntáiste sóisialta;
  - Tá tionchar aige ar bheocht, creatlach agus carachtar de pháirteanna seanbhunaithe dár mbailte agus dár gcathracha, sa chaoi is gur athlonnaigh gníomhaíocht thráchtála go dtí áiteanna ar an imeall i roinnt cásanna nó gur imigh siad go hiomlán i gcásanna eile.
  - Mar thoradh air seo cailltear talamh talmhaíochta de réir a chéile, cuirtear brú ar acmhainní uisce agus ar limistéir íogair comhshaoil agus cuirtear le méadú na n-astuithe carbóin.
- 2.3.2** Ní fhéadfaimid braith ar Ghnó mar is Gnách chun spriocanna náisiúnta a sheachadadh agus níl gá go mbeadh sé dosheachanta, ach d'fhoillíonn iompú beidh gá le roinnt cinntí móra a dhéanamh sa ghearrthearma a fhéadtar tabhairt ar aghaidh ar feadh tréimhse ama níos faide. Leis an bpróiseas NPF, tá an deis againn anois féachaint ar aghaidh agus todhchaí na hÉireann a mhúnlú.
- 2.3.3** Ag an gcéim seo den phróiseas, tráthúil atá sé plé a dhéanamh ar na straitéisí a bheadh difriúil ón nGnó mar is Gnách. D'fhoillíonn feidhmiúchán níos fearr a chumasú agus difríocht a dhéanamh ar scála náisiúnta, ba chóir go gcuirfí san áireamh cuspóirí:-
- Lena n-éascaítear feabhsúcháin ar chaighdeán na beatha agus folláine na ndaoine;
  - Lena gcoisctear tuilleadh rófhobartha agus sraoilleála;
  - Lena spreagtar fás an daonra níos gaire don áit ina bhfuil an fhostaíocht suite agus san áit ar cosúil go mbeidh an fhostaíocht ann;
  - Lena n-aithnítear agus lena dtacaítear le hacmhainneacht fostaíochta ar fud na hÉireann, lena n-áirítear fás fostaíochta réigiúnach níos airde;
  - Lena n-aithnítear bearta chun athghiniúint tuaithe agus uirbeach araon a spreagadh d'fhoillíonn aghaidh a thabhairt ar mheath;
  - Lena mbaintear amach forbairt réigiúnach éifeachtach;
  - Lena maolaítear brú ar Oirthear na Tíre agus ag an am céanna cosaint a thabhairt don ról tábhachtach atá ag Baile Átha Cliath;
  - Lena gcinntítear deá-mhaoirseacht chomhshaoil trí aon mheathlú eile a sheachaint agus trí aghaidh a thabhairt ar easnaimh atá ann cheana;
  - Lena laghdaítear astaíochtaí carbóin;
  - Lena dtugtar tús áite d'fhorbairt infreastruchtúir a fhéadfaidh buntáistí náisiúnta a sheachadadh - lena n-áirítear fuinnimh in-athnuaite;
  - Lena mbaintear tairbhe as an gcóras pleanála d'fhoillíonn a oiread leasa agus is féidir a bhaint as an ról a d'fhéadfadh a bheith aige maidir le hathrú aeráide agus dualgaís um fhuinneamh in-athnuaite;
  - Lena mbainistítear an próiseas pleanála agus forbartha ionas go dtarlaíonn an fhorbairt cheart sna háiteanna is oiriúnaí ag an am ceart, lena gcinntítear inbhuanaitheacht agus an úsáid is fearr d'acmhainní ganna.

## 2.4 Ag foghlaim ónár dTaithí

- 2.4.1** Is beagnach cúig bliana déag ó ullmhaíodh an chéad phlean spásúlachta náisiúnta d'Éirinn, an Straitéis Náisiúnta Spásúlachta, nó 'NSS' in 2002. Bhí sé mar aidhm ag an NSS cothromaíocht níos fearr a bhaint amach idir forbairt shóisialta, forbairt eacnamaíoch agus forbairt fhisiceach trínar aithníodh naoi 'dtairseach' ina raibh dhá chathair agus bhaile dhéag agus naoi 'mhol' ina raibh aon bhaile dhéag. Bhí gach ceann le neartú le scála agus carn criticiúil chun treoir a thabhairt ionas go spreagfaí forbairt réigiúnach níos leithne.
- 2.4.2** Bhí an NSS tábhachtach ós rud é gur bhunaigh sí pleanáil spásúil ar leibhéal náisiúnta in Éirinn, ach chuir roinnt fachtóirí bac suntasach uirthi. San áireamh, bhí tograí maidir le dílárú na státseirbhíse agus de roinnt gníomhaireachtaí stáit, Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 a bhí ailínithe leis an NSS ach chuaigh an cor chun donais eacnamaíoch ina hionad. Níor fhéadadh dul ar aghaidh leis an 'gCiste Nuálaíochta Tairsí' de luach €300m arna seoladh in 2007.

- 2.4.3** I measc na gcáintí maidir leis an NSS, cáineadh gur shainigh sé an iomarca ionad, gur chruthaigh sé creideamh de ‘bhuaiteoirí agus cailliúnaithe’, nach raibh i ndóthain tacaíocht aige ó chórais rialtais pholaitiúla nó áitiúla nó ó mhaolú na rialuithe dá bharr ar thithíocht thuaithe nua, agus nach raibh i ndóthain gné eacnamaíoch ag baint leis agus nach raibh tacaíocht reachtaíochta reachtúil aige.
- 2.4.4** Is suntasach é nach raibh ceann den fhiche a dó bhaile is mó fáis in Éirinn idir 2002 agus 2016 san áireamh mar thairseach nó lonnaíocht mhoil san NSS. Bhí leibhéal iarbhair an daonra fáis san fhiche a dó bhaile is mó fáis le linn na tréimhse seo beagnach mar i gcéanna le leibhéal an daonra fáis san fhiche a dó thairseach agus lonnaíocht mhoil, gan Baile Átha Cliath a áireamh.
- 2.4.5** Ciallaíonn sé seo gur macasamhláíodh an daonra fáis san fhiche a dó thairseach agus lonnaíocht mhoil de chuid an NSS leis an daonra nua a tháinig chun cinn i bhfiche a dó lonnaíocht ar leith, a bhí difriúil go hiomlán agus nár ainmníodh iad sa NSS, a bhí i bhfad ní ba lú ag an tús. Bhí an meándaonra idir 2002 agus 2016 den 22 bhaile is mó fáis cúig huaire ní ba lú, nó díreach faoi bhun 6,000 duine, ná an meándaonra de 2002 den fhiche a dó thairseach agus lonnaíocht mhoil, a bhí díreach faoi bhun 30,000 duine.
- 2.4.6** I bhformhór na gcásanna, bhí tús curtha leis an treocht fáis sciobtha de na bailte is mó fáis in Éirinn le fiche bliain anuas sular foilsíodh an NSS. Má cuireadh i bhfeidhm de réir mar a cheaptar, b’fhéidir go bhféadfá an NSS difríocht a dhéanamh. Aithníodh na torthaí a d’eascair ó na treochtaí seo in athbhreithniú ar an NSS a rinne an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil in 2010<sup>1</sup>, ag am nuair a chonacthas cheana féin leagáid tréimhse d’fhás inbhuanaithe in éagmais plean éifeachtaigh ghinearálta:-
- Le pleanáil spreagtha ag an bhforbairt agus le patrúin lonnaíochta comaitéara arna nginiúint go huirbeach, tá éileamh á chruthú d’infreastruchtúr neamhéifeachtach agus neamheacnamaíoch agus do sholáthar seirbhíse in áiteanna úrnua seach-uirbeacha agus fo-uirbeacha;
  - Tá forbairt ag éirí níos scaipthe agus ilroinnte go geografach, le hachair níos faide idir áit chónaithe agus áit oibre na ndaoine;
  - Tá claonadh úsáid talún scaipthe ag baint an bhoinn ó ionracas phríomhghnáthóga agus ghréasáin éiceachórais na hÉireann agus ag cur brú ar cháilíocht ár n-acmhainní uisce.
- 2.4.7** Le tabhairt isteach reachtaíochta pleanála nua in 2010 chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist de ró-chriosadh talún, cuireadh i bhfeidhm ‘croístraitéisí’ do Phleananna Forbartha Cathrach/Contae. Mar thoradh air seo tháinig laghdú suntasach ar thalamh a criosaíodh go míchuí agus taispeántar an tábhacht chriticiúil atá ag reachtaíocht maidir le tacú le straitéis náisiúnta. Bhí sé riachtanach chomh maith bearta a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar leagáid na ‘n-eastát neamhchríochnaithe’, tá 85% réitithe anois.
- 2.4.8** Cé nach raibh tionchar ag taithí an Straitéis Náisiúnta Spásúlachta roimhe seo ar phatrún na forbartha in Éirinn de réir mar a bheartaíodh, tá ceachtanna le baint as le haghaidh pleanála sa todhchaí ar scála náisiúnta. Mar thoradh air seo, is léir go mbeidh gá don Chreat Pleanála Náisiúnta:-

- **A bheith ina cáipéis reachtúil, arna fhorbairt ag an Oireachtas;**
- **Tacaíocht a bheith aige ón Rialtas, i dtéarmaí an Fheidhmeannaigh agus ar fud na Ranna agus na nGníomhaireachtaí araon;**
- **A bheith ailínithe le agus tacaíocht a bheith aige ó infheistíocht phoiblí agus príobháideach;**
- **A bheith mar straitéis in ionad a bheith mar ‘mhianliosta’, ina mbeidh roghanna deacra riachtanach;**
- **Díriú ar gach páirt d’Éirinn, an creideamh de ‘bhuaiteoirí agus cailliúnaithe’ a sheachaint, ach gan iarracht neamhréadúil a dhéanamh maidir le déileáil le gach páirt sa tír mar i gcéanna;**
- **Gné eacnamaíoch a chur san áireamh, ach ní amháin gné bunaithe ar cheisteanna eacnamaíocha;**
- **Béim áirithe a chur san áireamh ar chur i bhfeidhm agus ar mheastóireacht, le cumas chun athbhreithniú a dhéanamh.**

<sup>1</sup> Ag cur i bhfeidhm an Straitéis Náisiúnta Spásúlachta: Nuashonrú agus Ionchas 2010, Acmhainneacht á Cur chun Tairbhe, Iomaíochas á Seachadadh, Inbhuanaitheacht á Baint Amach, Deireadh Fómhair, 2010 DECLG (Implementing the National Spatial Strategy: 2010 Update and Outlook Harnessing Potential, Delivering Competitiveness, Achieving Sustainability October 2010, DECLG).

## Cad atá amach Romhainn?

Tá treocht fháis na hÉireann le leanúint ar aghaidh agus mar thoradh air seo beidh daoine, tithe agus poist bhreise inti i gcomhthéacs daonra a bheidh ag dul in aois, agus beidh gá le tacaíocht d'infreastruchtúr nua. Sa chás Gnó mar is Gnách, is cosúil go bhfreastalaítear ar an bhfás agus athrú seo sa todhchaí sa chaoi chéanna a bhfreastalaíodh air go dtí seo.

Ar chúiseanna éagsúla, ní rogha inmhianaithe é an rogha Gnó mar is Gnách. Mar sin de, beidh gá le hidirghabháil straitéiseach chun gníomhú in aghaidh torthaí, a bheidh tuilleadh tionchair acu ar shaoránaigh aonair agus ar an tsochaí ar an iomlán. Maidir le cás den chineál 'NSS', straitéis ghlactha nach mbeadh tacaíocht aige nó nach mbeadh ailínithe go comhsheasmhach le hinfheistíocht, bheadh sé mar chúis le héiginnteacht, ní bheadh creidiúnacht ann dó agus bheadh cás de Ghnó mar is Gnách ann dá bharr.

D'fhéadfadh acmhainní agus infheistíocht bhreise ón múnla Gnó mar is Gnách brúnna a mhaolú sa ghearrthéarma, ach ní réiteoidh sé iad san fhadtéarma. Is cosúil go mbeidh gá le straitéis ina mbeidh athrú bunúsach ann maidir leis an gcaoi a ndéanfaimid 'comhfhorbairt áite' in Éirinn má táimid chun feabhas a chur ar áiteanna atá ann cheana agus áiteanna nua de chaighdeán den scoth a chruthú.

D'fhonn díriú go hiomlán ar raon na saincheisteanna atá i gceist lena gcinntítear ár bhfreagra is fearr ar fhás agus athrú na todhchaí, beidh ar an NPF comhordú go hiomlán le beartais ollmhóra eile de chuid an Rialtais, lena n-áirítear an Plean um Infheistíocht Chaipitil athbhreithnithe, sa tréimhse athbhreithnithe reatha suas go dtí 2021 agus san fhadtéarma ina dhiaidh sin araon. Ina theannta sin, beidh sé riachtanach comhtháthú leis na Straitéisí Náisiúnta um Maolú agus Oiriúnú d'Athrú Aeráide, ina bhfuil gá freisin le léargas fadtéarmach céanna.

D'fhonn rath a chinntiú, beidh tacaíocht ón Rialtas ag teastáil ón gCreat Pleanála Náisiúnta, chomh maith le ceannach isteach polaitiúil níos leithne agus ailíniú leanúnach le cinntí beartas agus pleananna um infheistíocht chaipitil. Tá tacaíocht reachtúla, faoi réir phróiseas reachtaíochta, inmhianaithe chomh maith, ach níor chóir go mbeadh sí ina bac don NPF dul chun cinn go dtí an chéim fhaofa.

De bharr phróiseas an Creat Pleanála Náisiúnta beidh sraith de roghanna beartais ag teacht chun cinn, a leagtar amach i míreanna iardain an pháipéir seo. Ar an gcéad dul síos, is úsáideach é machnamh a dhéanamh do raon ceisteanna leathana agus idirghaolmhara araon. San áireamh anseo tá:-

- An áit a mbeidh daonra breise na todhchaí ina cónaí.
- An chaoi a bhfreastalófar ar riachtanais daonra a bheidh ag dul in aois.
- An cineál tithíochta a bheidh riachtanach.
- An saghas pobal a chruthófar.
- An áit a mbeidh poist na todhchaí suite agus cén sórt post a mbeidh iontu?
- Na seirbhísí agus na saoráidí (m.sh. oideachas, sláinte, fóillíocht, siopadóireacht srl.) a bheidh ag teastáil chun freastal ar riachtanais na ndaoine.
- An chaoi a dtaistealófar daoine agus earraí.
- An t-infreastruchtúr straitéiseach a bheidh riachtanach agus an chaoi a dtabharfar tús áite dó.
- An chaoi a dtabharfar aghaidh ar príomhdhúshláin chomhshaoil, lena n-áirítear laghdú d'astaíochtaí ghás cheaptha teasa agus oiriúnú d'iarmhairtí an t-athrú aeráide (m.sh. tuile) chomh maith le trasú go sochaí agus geilleagar inbhuanaithe ísealcharbóin.
- An chaoi a mbeidh ar ár struchtúir rialachais athrú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin náisiúnta.


Is deis thábhachtach é próiseas an Chreat Pleanála Náisiúnta chun dul i bhfeidhm ar phatrún spásúil na forbartha ar fud Éireann ar mhaithe leis an Tír ina hiomláine, ar feadh an chéad fiche bliain atá amach romhainn agus ina dhiaidh sin.

## 3

# Sláinte agus Folláine na nDaoine

## 3.1 Cad a chiallaíonn an NPF do Shláinte agus Folláine?

- 3.1.1 Táthar den tuairim go mbeidh an Creat Pleanála Náisiúnta ina cháipéis Rialtais ina mbeidh bearta beartais ann nach mbeidh baint i ndáiríre aige le gnáthshaol na ndaoine laistigh dár dtimpeallacht phobail, mhaireachtála agus oibre. Sa pháipéar seo um shaincheisteanna agus roghanna tugtar an deis do gach saoránach breithniú an dteastaíonn nó nach dteastaíonn athrú, nó an bhfuil muid sásta mar náisiún leanúint ar aghaidh le Gnó mar is Gnách nó nach bhfuil?
- 3.1.2 Le linn 2016, bhí comóradh céad bliain an tÉirí Amach 1916 in Éirinn agus mar Náisiún, rinneamar machnamh ar ár stair, dul chun cinn na Tíre agus athruithe a tháinig ar an tsochaí le linn na tréimhse de chéad bliain. Is léir go bhfuil caighdeán na beatha níos fearr againn anois ná mar a bhí acu siúd in Éirinn céad bliain ó shin.



- 3.1.3 In éineacht leis na feabhsúcháin dhearfacha tá raon roghanna ar fáil dúinn anois maidir le stíl maireachtála in Éirinn san 21ú haois. Tá tionchar ag na hiarmhairtí de roinnt dár roghanna a bhaineann lenár stíl maireachtála a bhfuil cleachtadh againn air, ar ár sláinte agus folláine phearsanta chomh maith le sláinte agus folláine gearrálta na n-áiteanna in Éirinn.

## 3.2 Treochtaí a bhfuil Tionchar acu ar ár gcuid Sláinte agus Folláine

- 3.2.1** Is toisc shláinte thábhachtach í an timpeallacht thógtha - go díreach, trí thruailliú aeir, trácht bhóithre, torainn, tuilte agus aeráid agus go hindíreach, trí inrochtaineacht, sábháilteacht, úsáid mheasctha talún, dearadh sráide agus spásanna glasa. Féadfaidh tionchar ollmhór a bheith ag an gcaoi a 'gcomhfhorbairimid' áiteanna ar shláinte agus folláine na ndaoine.
- 3.2.2** Sa suirbhé 'Healthy Ireland' a rinneadh in 2015, léirítear go ndúradh 85% de dhaoine na hÉireann atá os cionn 15 bliain d'aois go raibh a gcuid sláinte ginearálta 'go maith' nó 'an-mhaith'. Cuireadh 'cóngas leis an tsochaí' agus 'folláine' san áireamh sa suirbhé mar réimsí ábhair, rud a léiríonn go bhfuil níos mó ag baint le sláinte ná folláine fhisiceach.
- 3.2.3** Ní dháiltear tairbhe na sláinte ar chách sa tsochaí. Tá tionchar láidir ag stádas socheacnamaíoch, leibhéal oideachais, fostaíocht agus tithíocht ar fhorleithne baile ainsealaí agus iompraíocht stíl maireachtála. Ní nach ionadh, go bhfuil an nós ann do dhaoine bochta cónaí i dtimpeallacht thógtha de dhroch-chaighdeán agus go bhfuil siad níos mó i mbaol droch-choinníollacha timpeallachta. Mar sin, d'fhéadfá seo coinníollacha fisiceach agus meabhairshláinte a dhéanamh níos measa, ar nós galair a bhaineann le hotracht agus dúlagar.
- 3.2.4** Tá baint ag stíleanna maireachtála nua-aimseartha a fhanar istigh le leibhéal laghdaithe d'aclaíocht, rátaí otrachta ag éirí níos airde, diaibéiteas agus galar croí agus forleithne níos airde de dhúlagar. I bhfianaise le déanaí, léirítear go bhfuil 60% de dhaoine fásta agus leanbh amháin as gach ceathrar in Éirinn róthrom nó murtallach<sup>2</sup>. Cé go bhfuil ról suntasach ag aiste bhia chun dul i ngleic le bagairtí ar shláinte dhaonnachtúil, tá ról tábhachtach ag pleanáil chomh maith.
- 3.2.5** Is ceann de na treochtaí is suntasaí den 21ú haois é aosú an phobail, lena bhfuil iarmhairtí forleathana ar gach gné den tsochaí. Cé gur méadaíodh faoi dhó líon na ndaoine atá os cionn 65 bliain d'aois in Éirinn, tá an méadú comhréireach sa phobal atá os cionn 85 bliain d'aois i bhfad níos mó, méadaíodh é faoi cheathair beagnach le 50 bliain anuas. Cuirfear borradh faoi na treochtaí seo go gairid.




<sup>2</sup> An Roinn Sláinte, Obesity Policy and Action Plan (Beartas um Otracht agus Plean Gníomhaíochta) Meán Fómhair, 2016

## Céatadán den Daonra atá os cionn 65 bliain d'aois, 2011

De réir Ceantar Beag (SA)

Cathair na Gaillimhe




Cathair Luimnigh




Cathair Chorcaí




Cathair Bhaile Átha Cliath



Cathair Phort Láirge



Eochair Eolais




Uimh. Chéadúnais Suirbhéireacht Ordánais Éireann  
Suirbhéireacht Ordánais Éireann Riattas na hÉireann  
Foinse Sonraí : CSO



AIRO  
All-Ireland Research Observatory  
An tIonad Beoisteachaíocht um Thagairt Uile Éireann

- 3.2.6 Ó 2008 ar aghaidh, tógadh leibhéal an-ísele de thithíocht, go háirithe sna príomhchathracha agus ceantair uirbeacha ina bhfuil an gá is mó. Cé gur laghdaiodh meánlíon teaghlaigh go 2.7 duine in 2015 in Éirinn, is é an cineál teaghlach is coitianta san AE-28 in 2014 ná duine aonair ina chónaí ina aonar (33%) agus tá an treocht seo ag tarlú in Éirinn chomh maith, cé go bhfuil sé ar leibhéal i bhfad níos ísle ag 22% (Eurostat, 2014). Rud a chiallaíonn go mbeidh níos mó daoine ina gcónaí ina n-aonar sa todhchaí in Éirinn, agus mar sin de beidh laghdú in áitíocht tithíochta.



- 3.2.7** Tá baol don t-sláinte ag baint le haonrú sóisialta sa chaoi chéanna is a bhfuil baol ann ó thobac a chaitheamh agus ó otracht. Thairis sin, cuirtear isteach go géar ar an gcumas stíl maireachtála ghníomhach agus shláintiúil a bheith ag duine sa chás seo, agus mar sin de bíonn tionchar diúltach agus costasach aige ar shláinte phearsanta an duine féin.
- 3.2.8** Bíonn tionchar ag an gcaoi a dtaistealaímid timpeall ar ár sláinte agus folláine. Tá tuairim is dhá mhilliún carr cláraithe in Éirinn, rud a léiríonn ár ráta spleáchais ard ar charranna. In 2011, chaith beagnach duine amháin as deichniúr oibreoir níos mó ná uair amháin ag comaitéireacht go dtí an obair, agus sa charr ar thaistil 69% de chomaitéirí. Bhí amanna taistil d'uair amháin nó níos faide ag níos mó ná duine amháin as seachtar comaitéir a raibh cónaí orthu i bhFine Gall, Laois, san Iarmhí, sa Mhí, i gCill Dara agus i gCill Mhantáin (2011).
- 3.2.9** Ciallaíonn an patrún spleáchas cairr seo go mbíonn gá le páirceáil shuntasach ag go leor gnó agus seirbhísí cathrach agus baile go háirithe, d'fhoillíonn inmhathasacht a chinntiú, ós rud é go mbraitheann siad ar charrcheantar atá ag éirí níos scaipthe. Chomh maith le carrchlóis uirbeacha, tá bogadh fisiceach forleathan amach as an mbaile dá bharr, nó gníomhaíocht siopadóireachta, ghnó, fóillíochta agus seirbhíse ar imeall an bhaile.
- 3.2.10** Mar thoradh ar an mbogadh fisiceach amach as bailte, tá caillteanas trádála, laghdú ar líon na gcustaiméirí agus beogacht, rud a chuir isteach go mór ar bheocht de go leor príomhshráideanna stairiúla agus láir uirbeacha. Dá bharr, tá sé níos deacra a chinntiú go mbíonn siad fós tarraingteach, áiteanna inmhathasach chun gnó a dhéanamh, obair, cónaí nó chun cuairt a thabhairt orthu, agus chuir sé isteach ar an gcoincheap de bhaile mar chóras uirbeach dlúth.

### 3.3 Ag Nascadh Sláinte agus Folláine le hÁit

- 3.3.1** Tá cruthú agus cothabháil de thimpeallachtaí ina spreagtar na daoine roghanna níos gníomhaí agus níos sláintiúla a dhéanamh mar chuid bhunúsach den rogha shláintiúil a ghlacadh mar an rogha éasca. I measc na bhfachtóirí atá tábhachtach maidir le timpeallacht ghníomhach a chur chun cinn tá áit, dlús agus meascadh de bhealaí siúlóide; leagan amach sráide; infhaighteacht agus dlús spásanna glasa oscailte; saoráidí spórt inrochtana agus cóngarachacht do sheirbhísí agus saoráidí iompair phoiblí.
- 3.3.2** Tá fianaise ann go mbíonn tionchar dearfach ag an timpeallacht nádúrtha ar an meabhairshláinte. Beidh an chaoi a bpleanálfar forbairt na toadhcháin in Éirinn ina thoisc shuntasach ar chaighdeán na beatha do dhaoine. Tá áiseanna siúlóide agus raonta rothaíochta sábháilte mar chuid de na tacaíochtaí riachtanacha a bhfuil ag teastáil i bpobail chun torthaí níos sláintiúla a éascú do dhaoine aonair.
- 3.3.3** Leis an bpatrún spásúlachta forbartha atá ann faoi láthair, tá dúshlán i gceist maidir le feabhas a chur ar chomhtháthú sóisialta agus ar stíleanna maireachtála sláintiúil araon. Tá gá leis an gceist maidir le comhtháthú an phobail agus sochaí níos sláintiúla a phlé agus maidir leis an gcaoi a bhféadfaimid daoine a imeascadh níos fearr le seirbhísí agus le conláistí agus an chaoi a bhféadfaimid taisteal inbhuanaithe a chur chun cinn, i.e. siúlóid agus rothaíocht. Tá gá le níos mó imeascatha agus cinntí maidir le hinfheistíocht chomhleanúnach ar fud na hearnálacha iompair, pleanála agus sláinte, agus féadfaidh siad go léir taisteal gníomhach agus inbhuanaithe a dhéanamh níos tarraingte ná an carr príobháideach.
- 3.3.4** Sa bhreis ar thithe nua agus poist bhreise chun freastal ar fhás agus athrú sa todhchaí, beidh gá don Chreat Pleanála Náisiúnta breithniú ar thairiscint chaighdeán na beatha atá bunúsach do phobail inbhuanaithe. Níl gá leis seo chun áiteanna a dhéanamh níos tarraingte chun cónaí agus obair ann amháin, ach chun athléimneacht a neartú chomh maith laistigh d'áiteanna agus de dhaoine, lena ligfear do thorthaí níos fearr, go háirithe maidir lenár bhfolláine.

## Cad atá amach Romhainn?

Dá mba rud é go leanfadh ar aghaidh le patrún na forbartha in Éirinn a bhí ann le linn fiche bliain anuas, is cosúil go mbeadh meathlú ar chaighdeán na beatha ar fholláine ghinearálta na sochaí. Cé go maireann daoine in Éirinn níos faide anois ná riamh, níl dea-shláinte acu go léir sna saolta fada sin.

Is éard atá i nGnó mar is Gnách ná leanúint ar aghaidh le patrúin agus cur chuige reatha maidir le sláinte agus folláine na ndaoine agus na n-áiteanna in Éirinn. Dá réir sin:

- Is cosúil go neartaíonn an cur chuige seo na treochtaí atá ann cheana maidir le sláinte na ndaoine, rud a chuireann le méadú i leitheadúlacht na dtinneas ainsealach mar gheall ar fhachtóirí timpeallachta. Chuir é seo in éineacht le leibhéil níos airde d'otracht atá forleathan i leanaí agus i ndaoine fásta chomh maith, beidh ár sláinte ginearálta níos measa agus cuirfear isteach ar chaighdeán na beatha a d'fhéadfadh muid taitneamh a bhaint as;
- Leis an gcineál patrúin seo, is é is dóichí ná go dtarlódh marbhántacht nó meathlú daonra sna ceantair níos sine ina bhfuil go leor tógála déanta. Ina theannta sin, is é an chosúlacht ná go gcaithfidh daoine in Éirinn níos mó ama ag comaitéireacht, níos lú ama lena gclann, go mbeidís i mbaol aonraithe shóisialta agus nach mbeadh fonn orthu páirt a ghlacadh sna pobail ina bhfuil siad ina gcónaí, beidh tionchar diúltach aige seo go léir ar ár meabhairshláinte.
- Gan idirghabháil agus mar gheall ar an scála eisceachtúil coibhneasta de Bhaile Átha Cliath, is cosúil go mbeidh tuilleadh méadaithe ar fhás daonra na cúlchríche. Is dócha freisin go mbeidh tionchar céanna ag cathair Chorcaí, cathair na Gaillimhe chomh maith le cathracha Luimnigh agus Port Láirge ar cheantair an Chontae thar timpeall. Ní thagann an cás seo le toradh sláintiúil, ina mbeidh ar lonnaíochtaí níos lú i gceantair chathrach freastal ar éileamh eisceachtúil ar scála nach mbeidís ábalta déileáil le, rud a chiallaíonn go mbeidh cúinsí ar nós leanaí nach mbeidh ábalta áit scoile a fháil ina gceantar áitiúil agus beidh brú ar áiseanna bunúsacha ar nós rochtain ar chúram sláinte;
- Tá an chosúlacht ann go gcuirfeadh tuilleadh imirce amach agus meathlú daonra iarmhartach i gceantair tuaithe lasmuigh de na ceantair uirbeacha dlús le próifíl daonra a bheidh ag dul in aois, agus mar sheal dhiúltach, chuirfeadh sé dlús leis an bpróiseas meathlaithe. Bíonn go leor daoine níos aosta ina gcónaí leo féin agus de réir mar a éiríonn na seirbhísí níos dodhéanta go dtí go bhfágann siad mar gheall ar dhaoine atá ag laghdú, beidh níos lú deise acu idirghníomhú go sóisialta dá bharr. Maidir le ceantair nach bhfuil mórán idirghníomhaithe shóisialta agus rannpháirtíocht phobail ann (lena n-áirítear do dhaoine níos aosta) cibé ceantair tuaithe nó ceantair uirbeacha, bíonn an nós ann go n-éiríonn siad marbhánta agus go mbíonn leibhéil arda, fíor nó meabhairbhraite d'iompraíocht fhrithshóisialta agus de choiriúlacht.

D'fhonn bogadh ón 'Gnó mar is Gnách' beidh gá do na cásanna malartacha an méid seo a leanas a bhreithniú:

- Tacaíocht a thabhairt do phobail inbhuanaithe a chruthú ina bhfuil deá-idirghníomhú agus gréasáin shóisialta ann, agus athléimneacht agus comhbhreithiúnas de bhród sibhialta a thaispeáint agus rannpháirtíocht ghníomhach maidir lena dtimpeallacht áitiúil a mhúnlú;
- Níos mó chomhtháthú beartais agus cinntí maidir le hinfheistíocht chomhleanúnach ar fud na hearnálacha iompair, pleanála agus sláinte, a bhfuil fianaise ann go bhféadfaidh siad go léir taisteal gníomhach agus inbhuanaithe a dhéanamh níos tarraingtí ná an carr príobháideach.
- Tairiscint níos fearr maidir le 'caighdeán na beatha' a chothú do dhaoine trí chomhfhorbairt áite agus dearadh a fhéadtar a chur i bhfeidhm i ngach cathair, baile agus baile beag in Éirinn.
- Timpeallachtaí maireachtála níos fearr do chách ionas go dtéitear i ngleic le míbhuntáiste sóisialta go ndéantar í a chosc in ionad í a éascú.
- A chinntiú go bhfuil roghanna ar fáil laistigh de phobail maidir le slí bheatha shláintiúil i bhfoirm rochtana ar spóirt agus áiseanna fóillíochta, conláistí agus spásanna glasa chomh maith le saoráidí siúlóide agus rothaíochta a fhéadtar cabhrú le roghanna malartacha a chur ar fáil le haghaidh taistil go dtí an scoil nó an obair.
- Spleáchas cairr a laghdú;
- Forbairt atá á threorú ag pleananna a fhéadtar riachtanais an phobail a réamh-mheas agus a fhéadtar soláthar don phobal sin.

## Príomhcheisteanna

- An bhfuil muid ullmhaithe chun athruithe a dhéanamh anois ionas go bhféadfar leagáid 'd'áiteanna níos sláintiúla' a thabhairt don chéad ghlúin eile de shaoránaigh na hÉireann?
- Cén beartais a fhéadtar an NPF a chur san áireamh a bheidh mar chúis le tionchar dearfach ar ár sláinte ghinearálta, lena n-áirítear folláine fhisiceach agus mheabhrach, in Éirinn san fhiche bliain atá amach romhainn?
- An bhfuil príomhthosaíochtaí a fhéadtar an NPF a aithint d'fhonn a chinntiú sláinte agus folláine na ndaoine agus na n-áiteanna in Éirinn a bheidh níos fearr nó feabhsaithe?
- An bhfuil áiseanna a bhfuil gá don NPF béim a chur orthu maidir le háiteanna in Éirinn ionas go n-éascaítear níos mó rannpháirtíochta i stíl maireachtála shláintiúil?



## 4

# Straitéis um Comhfhorbairt Áite

## 4.1 Ár bPríomhchathair, ár gCathracha agus ár mBailte

- 4.1.1** Tharla patrún d'fhorbairt réigiúnach agus uirbeach in Éirinn atá níos spásúla agus níos míchothroime ná tíortha eile den OECD agus braithimid níos mó ar ár gcathair is mó ná braitheann tíortha comparadóra eile. (Féach ar na táblaí thíos).
- 4.1.2** Tá ról idirnáisiúnta fíorthábhachtach ag Baile Átha Cliath, ár gcathair is mó agus ár bpríomhchathair, agus is cuid ollmhór í dár rath eacnamaíoch le blianta beaga anuas, agus dá bharr leantar lena phríomhacht atá ag fás. Is ionann Réigiún Chathair Bhaile Átha Cliath agus 40% den daonra náisiúnta agus 49% den aschur eacnamaíoch (2016). Sa Ríocht Aontaithe, ina bhfuil Londain i réim, cathair atá suntasach ar fud an domhain, is ionann daonra Cheantar Uirbeach London agus 14 milliún duine nó 22% de dhaonra an Ríocht Aontaithe agus 32% den OTI.
- 4.1.3** Is gné na hÉireann ná an fás an-láidir de Bhaile Átha Cliath agus easnamh d'fhás comparáideach in aon lár uirbeach eile. Má chuirtear san áireamh Béal Feirste nó Doire agus cathracha beaga eile agus bailte móra eile atá i dTuaisceart Éireann, tagann pictiúr níos cothroime chun cinn, agus leis seo cuirtear béim ar an tábhacht a bhaineann le cur chuige uile-oileáin, bunaithe ar dhaonra de 6.4 milliún duine nuair a chuirtear le chéile iad (2011).
- 4.1.4** Is í príomhdhifríocht idir Éire agus na tíortha forbartha beaga eile a roghnaíodh agus ár gcomharsana is gaire an Ríocht Aontaithe ná an laige chomparáideach den 'chéad shraith eile' de chathracha agus a réigiúin ghaolmhara. Sna tíortha comparadóra a roghnaíodh tá trí chathair den 'chéad sraith eile' ar a laghad le níos mó ná 100,000 duine, mar a léirítear i dTábla 4.1.1 thíos.
- 4.1.5** Thairis sin, téann tionchar an phatrúin spásúil de Bhaile Átha Cliath ó Chontae Lú, tríd an Mhí, an Iarmhí agus Cill Dara go dtí Laois, Ceatharlach, Cill Mhantáin agus Loch Garman, agus téann sé go dtí páirteanna sa Chabhán, sa Longfort agus i gCill Chainnigh chomh maith. Leis an scaipeadh gníomhaíochta seo chomh maith leis an gcuspóir d'fhorbairt réigiúnach níos éifeachtaí a bhaint amach in áiteanna eile in Éirinn, tá sé deacair tús áite a thabhairt do riachtanais ár bPríomhchathrach agus dár gcathracha eile.
- 4.1.6** Tá buntáistí agus míbhuntáistí araon ag baint le rath Bhaile Átha Cliath mar réigiún cathrach. Lig sé d'Éirinn dul in iomaíocht i gcomhthéacs idirnáisiúnta ach mar gheall ar rath dá leithéid, cuireadh brú ar réimsí ar nós tithíocht, iompar agus riachtanais infreastruchtúir, a chuireann isteach ar iomaíochas.
- 4.1.7** Mura mbíonn Baile Átha Cliath ag feidhmiú, ní bhíonn Éire ag feidhmiú. Má chailleann Réigiún Chathair Bhaile Átha Cliath iomaíochas agus má éiríonn sí níos mítharraingtí mar áit chun infheistíocht a dhéanamh mar gheall ar bhaic thithíochta agus infreastruchtúir, beidh infheistíocht agus tionchar tarraingthe gan amhras go dtí réigiúin chathrach céanna eile san Eoraip nó in áit eile.
- 4.1.8** Ba chóir pleanáil a dhéanamh dár bpríomhchathair ar bhealach lena gcinntítear go bhféadfaidh sí leanúint uirthi lena ról idirnáisiúnta, agus ba chóir ról suntasach neartaithe a thabhairt don chéad sraith eile de chathracha agus a réigiún níos leithne. Is deis é an Creat Pleanála Náisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar fhorbairt ordúil dár gcathracha ar bhealach comhtháthaithe.
- 4.1.9** It is notable that of the five Cities (Dublin, Cork, Limerick, Galway, Waterford), only the Galway built-up area experienced consistent population growth in excess of the national average (31%) from 1996-2016, increasing in population by more than 23,000 or 41%.
- 4.1.10** I gcodarsnacht leis seo, tá fás an daonra sa limistéar faoi fhoirgnimh i gCorcaigh (28,300 nó 16%), i Luimneach (15,600 nó 20%) agus i bPort Láirge (8,800 nó 20%) go mór faoi bhun an mheáin náisiúnta le 20 bliain anuas, in ainneoin méadú le déanaí atá le feiceáil sna trí Chathair seo agus go háirithe i gCorcaigh, ó 2011.

**Tábla 4.1.1 Éire agus Príomhacht de Bhaile Átha Cliath i gcomparáid le tíortha beaga forásacha den chineál céanna**

Tír	Éire	An Danmhairg	An Nua-Shéalainn	Albain	An Fhionlainn
Daonra - 2011	4.58 milliún	5.57 milliún	4.24 milliún	5.3 milliún	5.39 milliún
Réigiún Cathrach Is Mó	Baile Átha Cliath	Cóbanhávan	Auckland	Glaschú	Heilsincí
Daonra an Réigiún Cathrach - 2011	1.69 milliún	2.0 milliún	1.42 milliún	1.79 milliún	1.47 milliún
Réigiún Cathrach mar % den Daonra	37%	36%	33%	30%	27%
Réigiún Cathrach mar % den OTI Náisiúnta	48%	43%	35%	33%	37%

Foinse: OECD/Eurostat

**Tábla 4.1.2 Ordathas na gCathracha agus na mBailte in Éirinn i gcomparáid le tíortha beaga forásacha den chineál céanna**

Tír	Éire (Tuaisceart Éireann)	An Danmhairg	An Nua-Shéalainn	Albain	An Fhionlainn
Cathracha > 500,000	Baile Átha Cliath	Cóbanhávan	Auckland	Glaschú	Heilsincí
Cathracha > 200,000	(Béal Feirste)	Aarhus	Christchurch Wellington	Aberdeen Edinburgh	Tampere
Cathracha > 100,000		Aalborg Odense	Dunedin Hamilton Tauranga	Dundee	Jyväskylä Kuopio Lahti Oulu Turku
Cathracha > 50,000	(Doire) Luimneach Gaillimh (Lios na gCearrbhach) (Baile na Mainistreach) (Beannchar) Port Láirge	Esbjerg Horsens Kolding Randers Roskilde Vejele	Hastings Napier Nelson New Plymouth Palmerston North Rotorua	Cumbernauld Dunfermline East Kilbride Hamilton Livingston Paisley	Hameenlinna Joensuu Kotka Kouvola Lappeenranta Mikkeli Pori Rovaniemi Salo Seinajoki Vaasa
Líon Iomlán na gCathracha	5 (5)	10	12	10	18
Líon na mBailte > 15,000	25 (16)	35	15	41	36
<b>Iomlán</b>	<b>30 (21)</b>	<b>45</b>	<b>27</b>	<b>51</b>	<b>54</b>

Foinse: citypopulation.de

**4.1.11** Tá cuma ar chathracha réigiúnacha na hÉireann go bhfuil acmhainneacht shuntasach acu a bheith mar phointe comhtheagmhála chun fás agus forbairt a chur chun cinn ina gcuid réigiún. Tá na cathracha réigiúnacha go léir ina n-ionaid ollmhóra d'fhostaíocht, oideachas tríú leibhéil agus cúram sláinte agus tá siad inrochtana ar an ngréasán mótarbhealaigh agus ar infreastruchtúr iompair eile ar nós aerfort agus calafort. Chomh maith leis na ceantair chathrach, tá gréasáin bhailte a bhfuil ról den chineál céanna acu.

**4.1.12** De bharr an scála agus na ról réigiúnacha tábhachtacha atá ag na ceithre chathair, tá acmhainneacht shuntasach acu go léir chun Baile Átha Cliath a chomhlánú, chun roinnt den bhrú a bhaint as an bPríomhchathair, i dtéarmaí freastail ar fhás san fhostaíocht, riachtanais tithíochta agus riachtanais infreastruchtúir agus a gcuid réigiún níos leithne a chur chun cinn, rud a d'fhéadfadh na cathracha obair le chéile i gcomhoibriú lena gcéile agus/nó i gcomhpháirtíocht le bailte eile, chun a gcuid láidreachta a roinnt agus a fháil ar iasacht.

- 4.1.13** Sa choincheap den 'Northern Powerhouse', díriodh ar chomhghuaillíocht de iarchathracha tionsclaíocha i dTuaisceart Sasana, lena n-áirítear Manchain, Leeds, Learpholl agus Sheffield, tá sé beartaithe chun cúiteamh a dhéanamh do Londain. D'fhéadfadh an cineál comhair réigiúnaigh seo a bheith mar mhúnla fhéideartha d'infheistíocht chomhordaithe agus straitéis forbartha chun cathracha 'den chéad sraith eile agus a gcuid réigiún gaolmhar a neartú.
- 4.1.14** Is suntasach é go ndearna staidéar EU ESPON ar chásanna forbartha spásúla na todhchaí san Eoraip go dtí 2050, agus aithníodh cur chuige de 'chathracha den dara sraith mar an chur chuige ina bhféadfadh a chur ar fáil an leibhéal is airde de chomhtháthú críche ar leibhéal Eorpach i gcomparáid le cásanna malartacha eile inar díriodh ar na príomhchathair is mó (cás den chineál céanna a bhfuil ann faoi láthair in Éirinn) agus cás inar díriodh ar na cathracha is lú agus na bailte móra.
- 4.1.15** Ag an tsraith thíos faoi na cathracha, tá roinnt bailte ann a bhfuil ról tábhachtach acu do na ceantair sin a bhfuil lasmuigh de thionchar agus cóngarachacht na gcathracha, mar gheall ar a leibhéal de sholáthar seirbhíse agus ceantair fhairsinge. I roinnt cásanna, feadaidís cur le ról na cathrach. Ach, áfach, le ceachtanna ón am atá thart, má leanaimid ar aghaidh béim a chur ar bhailte iomadúla, leanfar ar aghaidh ag cur isteach ar fheidhmiú agus acmhainneacht dár gcathracha agus faoi dheireadh na réigiún níos leithne.

## Cad atá amach Romhainn?

Leis an gCás Gnó mar is Gnách, leanfaidh ar aghaidh leis an bpatrún forbartha míchothrom den Stát, agus san fhadtéarma ní bheidh buntáistí ann do Bhaile Átha Cliath ná don Tír ina hiomláine.

Beidh gá leis an méid seo a leanas a bhreithniú sna cásanna malartacha:-

- Cosaint a thabhairt do thábhacht Bhaile Átha Cliath mar spreagthóir náisiúnta d'fhás trí thús áite a thabhairt do bhearta chun aghaidh a thabhairt ar bhaic ar iomaíochas idirnáisiúnta;
- Próiseas athnuachana agus athghiniúna de lár na cathrach a éascú agus infheistíocht leanúnach in infreastruktúr iompair agus áitiúil agus beartais tithíochta chun cathracha níos dlúithe a sheachadadh.
- An acmhainneacht do mhórathrú náisiúnta suntasach maidir le cur chun cinn ceann dár gceithre chathair réigiúnach trí phleanáil agus infheistíocht chomhordaithe a bheadh fadtéarmach agus bunathraithe.
- Ról agus scála na forbartha sa todhchaí inár mbailte mar áiteanna rathúla i gcomhthéacs a gcuid réigiún.

## Príomhcheisteanna

- Agus aird a thabhairt ar na saincheisteanna cumais fhisicigh agus chomhshaoil, cén ról ar chóir dár gcathracha a bheith acu mar chuid den NPF?
- Conas a fhéadfaimid comhlánú réigiúnach láidir amháin nó níos mó maidir le Baile Átha Cliath, ionas go bhféadfaimid aghaidh a thabhairt ar a réigiún cathrach ina iomláine, lena n-áirítear idirghníomhaíocht idir lonnaíochtaí?
- An bhfuil gá orainn na struchtúir rialachais agus riaracháin a athchóiriú agus a neartú ionas go mbeidís ábalta comhghuaillíochtaí, comhoibriú agus gníomhartha riachtanacha a sheachadadh d'fhonn ár gcathracha agus a gcuid réigiún a neartú?
- Conas a fhéadfaimid beartas uirbeach a fhorbairt ina ndéantar difríocht idir forbairt laistigh den limistéar faoi fhoirgnimh de chathracha agus de bhailte agus na láithreán forbartha úrnua?
- Conas a fhéadfaimid difríocht a dhéanamh idir an ról atá ag bailte laistigh den chúlchríoch níos leithne na gcathracha agus an ról atá ag bailte lasmuigh de thionchar na gcathracha?
- Cad iad na bearta a fhéadfaimid a úsáid chun scrúdú a dhéanamh ar chásanna um dhlúthú féideartha a d'fhéadfadh a chur i bhfeidhm i limistéir uirbeacha atá ann cheana?


## 4.2 Straitéis um Comhfhorbairt Áite

### Deiseanna dár Réigiúin

- 4.2.1 Aithnítear go gcabhraíonn forbairt réigiúnach go mór le rathúnas náisiúnta. Mar fhreagra, tá níos mó béime á chur ar an diminsean réigiúnach de bheartas náisiúnta ar fud Ranna an Rialtais agus Gníomhaireachtaí Stáit, lena n-áirítear Pleananna Gníomhaíochta Réigiúnacha um Poist agus béim ar bheartas réigiúnach laistigh de Straitéis 'Bhuaiteach' de chuid an ÚFT (IDA) <sup>3</sup>.
- 4.2.2 Le blianta beaga anuas, rinneadh athchóiriú ar rialachas réigiúnach <sup>4</sup>, mar thoradh ar an athchóiriú seo, bunaíodh trí Thionól Réigiúnach, is iad sin Tionól Réigiúnach an Oirthir agus an Láir Tíre (EMRA), Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair (NWRA) agus Tionól Réigiúnach an Deiscirt (SRA). Is iad príomhfheidhmeanna na dTionól Réigiúnach ná forbairt inbhuanaithe agus pleanáil straitéiseach na réigiún a chomhordú, a chur chun cinn, agus tacaíocht a thabhairt dóibh agus cláir chúnamh an AE <sup>5</sup> agus a dtionchar ginearálta sna réigiúin a bhainistiú.
- 4.2.3 Tá ról ceannasaíochta ag gach ceann de na Tionóil Réigiúnacha maidir le beartais réigiúnacha a aithint agus tionscnaimh a chomhordú lena dtacaítear le seachadadh agus cur i bhfeidhm an bheartais phleanála náisiúnta. Ina theannta sin, tá an ról ag na Tionóil Réigiúnacha údarais áitiúla a chomhordú d'fhonn comhchuspóirí áitiúla agus náisiúnta a chinntiú.
- 4.2.4 Is é an príomhspreagthóir de seo ná ullmhú agus cur i bhfeidhm na Straitéisí Réigiúnacha Spásúlachta agus Eacnamaíoch (RSESanna). Leis na RSESanna tabharfar leibhéal béime níos airde ar bheartais straitéiseacha ardleibhéil an NPF.

### Figiúr 4.2.1

Foirmíocht na Limistéir Thionóil Réigiúnaigh in Éirinn<sup>6</sup>



3 Ar fáil ar: [http://www.idaireland.com/docs/publications/IDA\\_STRATEGY\\_FINAL.pdf](http://www.idaireland.com/docs/publications/IDA_STRATEGY_FINAL.pdf)

4 I bPáipéar Beartais an Rialtais "Putting People First" Acht um Athchóiriú an Rialtais Áitiúil 2014.

5 Cláir Oibriúcháin Réigiúnach

6 Foinse Léarscála: Tionól Réigiúnach an Deiscirt

## Dinimic Réigiúnach

- 4.2.5** Tá daonra de 2.3 milliún duine i Réigiún an Oirthir agus an Láir i gcomparáid le 1.6 milliún duine i Réigiún an Deiscirt agus 0.85 milliún i Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair. Léirítear chomh maith an difríocht i struchtúir dhaonra i ndibhéirseacht shuntasach de dhlús daonra ar fud na réigiún (meastar gurb ionann dlús daonra i bhforéigiún Bhaile Átha Cliath agus 1,401 duine i ngach km<sup>2</sup> i gcomparáid le 32 duine i ngach km<sup>2</sup> san Iarthair.

**Tábla 4.2.1 Tionóil Réigiúnacha agus Comhlímitéir do chríocha Pleanála Réigiúnaí**

Tionól Réigiúnach (RA)	Fo-Réigiún	Údaráis Áitiúla
RA an Oirthir agus an Láir Tíre	Baile Átha Cliath	Fine Gall, Cathair Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath Theas, Dún Laoghaire- Ráth an Dúin
	An Oirthir	Lú, Cill Dara, An Mhí, Cill Mhantáin
	Lár Tíre	Longfort, Laois, Uibh Fhaillí, An Iarmhí
2,325,122 duine - tuairim is 49% den daonra		

Réigiún	Fo-Réigiún	Údaráis Áitiúla
RA an Deiscirt	Thoir-Theas	Ceatharlach, Tiobraid Árann, Port Láirge (Cathair agus Contae), Loch Garman, Cill Chainnigh
	Thiar-Theas	Cathair Chorcaí, Contae Chorcaí, Ciarraí
	An Mheán-Iarthair	An Clár, Luimneach (Cathair agus Contae), Tiobraid Árann
1,585,992, nó tuairim is 33% den daonra		

Réigiún	Fo-Réigiún	Údaráis Áitiúla
RA an Tuaiscirt agus an Iarthair	Teorainn	An Cabhán, Dún na nGall, Liatroim, Lú, Muineachán, Sligeach
	An tIarthar	Gaillimh, Maigh Eo, Ros Comáin
846,862 duine - nó tuairim is 18% den daonra		

- 4.2.6** Tá méadú tagtha ar an táirgiúlacht eacnamaíoch de gach réigiún le linn 15 bliain anuas, bhí leibhéil táirgiúlachta réigiúnaí os cionn an mheáin náisiúnta i Réigiún an Oirthir agus Láir na Tíre, bhí Réigiún an Deiscirt ar aon dul leis an meán náisiúnta, agus tá Réigiún an Iarthair agus an Tuaiscirt faoi bhun an mheáin náisiúnta ar bhonn leanúnach.
- 4.2.7** I ngach Tionól Réigiúnach, feictear fianaise de neart réigiúnach in earnáil ghnó, go háirithe ar nós seirbhísí gnó sa limistéar EMRA, táirgí & seirbhísí tionsclaíocha agus cógaisíocht sa limistéar SRA agus teicneolaíochtaí leighis sa limistéar NWRA. I ndiaidh scrúdú a dhéanamh ar phatrúin cnuasaithe gnó, meastar gurb í na cathracha is mó in Éirinn na háiteanna ar chóir an phríomhbhéim a chur ar earnálacha a bhaineann le gnó agus faisnéis. Tá an claonadh ann go bhfuil na hearnálacha ar nós na hearnálacha gairmiúla, eolaíocha, teicniúla, airgeadais agus árachais is mó le feiceáil laistigh de na ceithre chathair is mó.
- 4.2.8** Leis an scaipeadh earnála de chuideachtaí a fhaigheann cúnamh ón ÚFT, léirítear an cheannasacht sna seirbhísí ICT, bithchógaisíochta, airgeadais do thimpeall leath de na láithreáin a fhaigheann tacaíocht ón IDA. Leis an bhfianaise seo léirítear claonadh leanúnach i dtreo cnuasaigh agus an teacht chun cinn de láir uirbeacha mhóra mar phointí comhtheagmhála de thrádáil náisiúnta agus domhanda. Is léir gurb iad na cathracha na príomhspreagthóirí réigiúnacha de ghníomhaíocht eacnamaíoch sna trí limistéar thionóil réigiúnaigh agus is cosúil go leantar leis an gclaonadh seo. Tá fiontar dúchasach scaipthe níos leithne, ach tá sé dírithe go príomha ar chathracha agus ar bhailte móra chomh maith.

- 4.2.9** Agus ag féachaint ar rátaí dífhostaíochta le linn 18 mbliana anuas (q2 1998-q2 2016), léirítear i bhformhór na bhfo-réigiún (Limistéir Phleanála Straitéisí) ina raibh an ráta dífhostaíochta os cionn an mheáin náisiúnta i 1998 go raibh an ráta fós os cionn an mheáin náisiúnta sa bhliain 2016 agus maidir leo siúd a bhí faoi bhun an mheáin náisiúnta in 1998, d'fhan siad faoi bhun an mheáin chomh maith in 2016. Is san Oirthear agus san Oirdheisceart a raibh feidhmiú níos fearr ann i gcomparáid le limistéir ar nós na teorann nó páirteanna in Iarthar na Tíre. Bhí na leibhéil dífhostaíochta is ísle sa dá limistéir fo-réigiúnach ina bhfuil na cathracha is mó ann, i.e. Baile Átha Cliath agus Corcaigh, rud a léiríonn an tábhacht a bhfuil ag cathracha maidir le hathléimneacht phoist.

### Forbairt Réigiúnach Éifeachtach (ERD)

- 4.2.10** Is údar mearbhaill agus díospóireachta é an téarma 'forbairt réigiúnach ar bhonn cothrom' (BRD). Mar thoradh air seo, tá an tuiscint ann d'acmhainní a aistriú ó limistéir amháin go limistéir eile chun an éagothroime a chúiteamh, nó meastar gur saghas cothromaithe é. Leis seo tháinig an coincheap chun cinn 'uirbeach i gcoinne tuaithe' agus go háirithe 'Baile Átha Cliath i gcoinne na coda eile den tír', le hadmháil theoranta ar na cinntí aonair agus comhchoiteanna a ghlacaimid mar shochaí a chabhraigh leis na treochtaí reatha a mhúnlú.
- 4.2.11** Bíonn tionchar ag saincheisteanna ar nós tionchar domhanda ar mhargaí agus an nádúr athraitheach de shuíomhanna fostaíochta agus na patrúin imirce ar ár gcumas díriú ar acmhainní ionas go dtabharfaidís an éifeacht agus an brabús is mó ar infheistíocht laistigh de réigiúin. Mar fhreagra air seo, bheadh sé torthúil don NPF scrúdú a dhéanamh ar fhorbairt éifeachtach réigiúnach, i.e. forbairt a fhéadfaidh difríocht a dhéanamh, agus breathnú ar an gcaoi ar féidir comhpháirtíochtaí uirbeach-tuaithe oibriú ar mhaithe na réigiún.
- 4.2.12** Is éard atá i gceist le forbairt réigiúnach éifeachtach ná éagsúlachtaí a laghdú trí dheiseanna forbartha spásúla a ghlacadh atá sonrach do gach réigiún agus go háirithe na limistéir thionóil réigiúnaigh. Leis seo, bíonn gá le roghanna a dhéanamh a mbíonn torthaí inbhuanaithe acu agus ciallaíonn sé seo go bhféadadh cuma dhifriúil a bheith ar bheartais NPF ó réigiún amháin go réigiún eile. Le bheith cruinn faoi, beidh gá le cur chuige níos saincheaptha maidir le forbairt réigiúnach, a bheidh le léiriú sna Straitéisí Réigiúnacha Spásúlachta agus Eacnamaíoch (RSESanna).
- 4.2.13** Le cur chuige níos saincheaptha maidir le forbairt réigiúnach, bíonn gá le glacadh go bhfuil neartú athléimneachta réigiúnaí ina tosaíocht i roinnt cásanna, in ionad a bheith ag súil le hardleibhéil fháis i ngach áit. Leis seo, cinntítear go bhfuil an cumas ag réigiún níos laige athshlánú níos sciobtha má tharlaíonn tobchliseadh agus an cumas chun deireadh a chur le tionchair ar nós meathlú daonra agus suaithheadh eacnamaíoch a tharla le blianta beaga anuas. Treisíonn sé chomh maith an gá le haistriú ó bhéim ar shaincheisteanna leagáide go pleanáil sa toadhchá, rud a fhéadfaidh acmhainneacht na réigiún a uasmhéadú.

### Forbairt Réigiúnach Éifeachtach Á Baint Amach

- 4.2.14** Tá taighde fairsing ann maidir le cinntitheach fháis réigiúnaigh, lena n-áirítear fachtóirí ar nós caipiteal daonna, tairseach chriticiúil den daonra, dlús, minicíocht d'ionaid agus infreastruchtúr mór uirbeach. I dtéarmaí acmhainneacht na réigiún a bhaint amach, leagtar amach thíos roinnt de na príomhnithe le breithniú.
- 4.2.15** De réir an OECD<sup>7</sup> tugtar le tuiscint go bhfuil caipiteal daonna ina cinntitheach láidir d'fhás réigiúnach agus má laghdaítear comhréir na ndaoine i réigiún a bhfuil scileanna an-íseal acu tá cuma air go ndéanann sé níos mó difríochta ná méadú a chur ar chion na ndaoine a bhfuil scileanna an-arda acu. Léiríonn siad chomh maith gur chuir beartas réigiúnach an iomarca béime ar infreastruchtúr fisiceach, go háirithe iompar. Tá infreastruchtúr riachtanach ach ní leor é d'fhás má bhíonn sé ina aonar. Méadaíonn a tionchar nuair a bhíonn nuálaíocht agus caipiteal daonna ann, mar sin tá gá le beartais chomhtháthaithe.
- 4.2.16** Sa Straitéis Náisiúnta Ardoideachais go dtí 2030 agus san Straitéis Náisiúnta Scileanna 2025 cuirtear san áireamh béim ar an ngá le níos mó comhoibrithe réigiúnaigh i measc soláthraithe oideachais agus oiliúna agus cuirtear é seo chun cinn trí chnuasaigh réigiúnacha d'institiúidí ardoideachais agus na Fóraim um Scileanna Réigiúnacha ina bhfuil tuilleadh soláthraithe oideachais agus oiliúna, institiúidí ardoideachais agus fostóirí i gceist. Sa Straitéis Náisiúnta Ardoideachais, moltar chomh maith comhdhlúthú na hearnála d'Institiúid Teicneolaíochta agus cruthú de líon beag d'ollscoileanna teicneolaíocha ilchampaí, a bhfuil an fhéidearthacht acu soláthar ardoideachais a neartú tuilleadh sna réigiúin, lena dtugtar tacaíocht d'fhiontair dhúchasacha trí scileanna agus forbairt agus nuálaíocht agus beidh difríocht thábhachtach aige infheistíocht dhíreach eachtrach a mhealladh. Tá acmhainneacht shuntasach ann chomh maith do chomhoibriú institiúideach ar bhonn Thuaidh-Theas chun forbairt réigiúnach thrasteorann a chur chun cinn agus ardoideachas na hÉireann a chur chun cinn go straitéiseach ar bhonn uile-oileáin.

- 4.2.17** Tá comhghaol idir limistéir uirbeacha mhóra agus táirgiúlacht eacnamaíoch réigiúnach. Is é is cúis leis sin go páirteach ná tionchair dhomhanda ar mhargáí eacnamaíocha agus an nádúr athraitheach de shuíomhanna fostaíochta agus de phatrúin imirce. I ndiaidh scrúdú a dhéanamh ar phatrúin cnuasaithe gnó, meastar gurb í na cathracha is mó in Éirinn na háiteanna inar chóir an phríomhbhéim a chur ar earnálacha a bhaineann le gnó agus faisnéis. Mar sin de, is cosúil go mbeidh earnálacha ar nós na hearnálacha gairmiúla, eolaíoch, teicniúil, airgeadais agus árachais fós níos mó le feiceáil laistigh de shuíomhanna uirbeacha.
- 4.2.18** Lasmuigh de limistéir uirbeacha, féadtar tairbhe a bhaint as tuilleadh forbartha de chnuasach tionsclaíoch ina bhfuil buntáiste comparáideach nádúrtha ann, mar shampla sna hearnálacha talmhaíochta/bia, cruthaitheacha, fuinnimh ghlain, muirí agus turasóireachta. Le feidhmeanna margaidh tugtar le tuiscint go bhfuil riachtanais gheografacha an-sonrach ag earnálacha gnó agus tá tábhacht do gheilleagair réigiúnacha ag baint le cnuasach in earnálacha/gníomhaíochtaí tionsclaíocha sainiúla. I ndeireadh na dála, is é an fiontar aonair a chinnfidh an suíomh is fearr dá n-oibriúcháin.
- 4.2.19** Féadfaidh pleanáil iompair straitéisigh cabhrú le réigiún a gcuid acmhainneachta a bhaint amach trí ghréasáin iompair a aithint a bheidh riachtanach chun freastal ar fhorbairt shóisialta agus eacnamaíoch. Ar leibhéal réigiúnach, tá gá le comhtháthú níos foirmiúla idir úsáid talún agus iompar, agus is dea-sampla é an cur chuige i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath (GDA) maidir leis an mbealach a bhféadtar é seo a bhaint amach, i.e. riachtanas de chomhsheasmhacht fhrithpháirteach idir an Straitéis Eacnamaíoch agus Spásúlachta Réigiúnach agus an Straitéis Iompair GDA. Má shíntear amach an cur chuige seo go limistéir Thionóil Réigiúnacha eile, treiseoidh sé go mór leibhéil chomhtháthaithe idir pleanáil um úsáid talún agus pleanáil iompair ar fud na tíre.

## Cad atá amach Romhainn?

Is éard atá sa mhúnla 'Gnó mar is Gnách' ná leanúint ar aghaidh le patrúin agus cur chuige reatha maidir le forbairt réigiúnach. Dá réir sin:

- Is cosúil go dtreiseoidh an cur chuige seo na patrúin agus na héagsúlachtaí atá ann cheana idir na réigiúin.
- Is cosúil go dtaispeánfar méadú i bhfostaíocht sna patrúin fostaíochta, ar fud na réigiún ach le dibhéirseacht mhéadaithe idir fhás fostaíochta sna limistéir chomaitéara thar timpeall Baile Átha Cliath le rátaí fáis i bhfad níos ísle in áiteanna ar nós limistéar gar don teorainn agus áiteanna in iarthar na tíre;
- Leanfaidh ar aghaidh le hinfheistíocht réigiúnach ach ní bheidh sé saincheaptha don áit ar fhéadfadh sé an tionchar is mó a bheith aige.

Beidh gá leis an méid seo a leanas a bhreithniú i gcásanna malartacha:-

- Cur chuige saincheaptha maidir le forbairt réigiúnach ós rud é nár fheidhmigh cur chuige 'tomhas amháin oiriúnaithe do chách'.
- Acmhainneacht chun caipiteal daonna a mhéadú d'fhonn acmhainneacht na réigiún a uasmhéadú agus chun éagsúlachtaí a laghdú.
- Réigiún ag baint tairbhe le chéile as comhláidreachtaí, ag cumasc sócmhainní agus ag cur comhordú ar fáil d'fhonn feabhas a chur ar fheidhmiúchán réigiúnach.
- Cnuasach réigiúnach a ailíniú le comhfhorbairt áite réigiúnach.
- Cathracha agus bailte a neartú mar spreagthóirí d'fhás do na limistéir uirbeacha agus tuaithe sna réigiúin.
- Forbairt a ailíniú leis an ngá le haistriú go sochaí agus geilleagar inbhuanaithe agus íseal-charbóin.
- Ceannasaíocht, rialachas agus ról na dTionól Réigiúnach.

## Príomhcheisteanna

- Cad iad na luamháin d'fhorbairt réigiúnach éifeachtach?
- Cad atá le déanamh chun caipiteal daonna a mhéadú ar leibhéal réigiúnach?
- Cén 'tairiscint luacha' réigiúnach, i.e nuálaíocht, seirbhís nó cumasc de bhearta agus cur chuige a fhéadtar a dhéanamh ionas go mbeadh na réigiúin níos rathúla agus cad iad na bealaí ar féidir é seo a bhaint amach?
- An bhfuil saincheisteanna straitéiseacha ann (i) ar fud críocha údaráis áitiúil nó (ii) ar bhonn idir-réigiúnacha, ionas go bhféadfaidh na Tionóil Réigiúnacha comhordú chun torthaí réigiúnacha agus foréigiúnacha níos éifeachtaí a chinntiú?
- An bhfuil deiseanna maoinithe ann a fhéadtar tacú le hinfheistíocht ar bhonn réigiúnach?


### 4.3 Acmhainneacht Tuaithe na hÉireann

#### Nath Cainte de 'Tuaithe'

- 4.3.1 Tá macalla stairiúil ag baint le 'Tuaithe na hÉireann' agus doimhneacht chultúrtha a théann tríd ár sochaí, ár ngeilleagar agus ár gcomhshaol. Is corraitheach agus casta ár gceangal stairiúil leis an talamh. Níl aon chur síos aonair uilíoch is fearr ar 'tuaithe' ar mhaithe le gach beartas. Tá na sainmhínte éagsúil agus féadtar iad a bhunú ar dhlús daonra, méid na lonnaithe agus fad comaitéireachta. Athraíonn ceantair tuaithe go mór, go háirithe i dtéarmaí iargúlta, spleáchas ar phríomhtháirgiúlacht agus cumas acmhainní daonna.
- 4.3.2 Tá athrú tagtha ar Tuaithe na hÉireann agus leantar leis an athrú seo óna ngaol níos traidisiúnta leis an talmhaíocht, de réir mar a léirítear i dTuarascáil an Choimisiúin um Fhorbairt Eacnamaíoch i Limistéir Tuaithe (CEDRA 2014) (Commission for the Economic Development of Rural Areas) agus níos déanaí i 2017 i bPlean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe - Ár nAcmhainneacht Tuaithe a Bhaint Amach (Realising our Rural Potential Action Plan for Rural Development). Leis an téarma 'Rurality' nó 'Limistéir Tuaithe Éagsúla', tugtar le tuiscint réigiúin ar fud na hEorpa, agus feictear na cathracha mar spreagthóirí d'fhorbairt eacnamaíoch réigiúnach.
- 4.3.3 Nuair a smaoiníonn daoine in Éirinn ar 'tuaithe' smaoiníonn siad ar áit mar gheall ar roinnt cúiseanna éagsúla. Le haghaidh roinnt daoine, is í an áit ina roghnaigh siad cur fúthu agus obair inti, ní baile amháin í an áit, ach áit ina bhfaightear ioncam chomh maith. Do líon mór Éireannach, ciallaíonn tuaithe modh maireachtála, ach do dhaoine eile ciallaíonn sé cultúr agus oidhreacht Éireannach le tírdhreacha de 'phictiúir ar chártaí poist', foirgnimh agus bailte stairiúla agus sráidbhailte atá fíor-Éireannach ó thaobh a bhfoirm thógtha de. Tugtar le tuiscint chomh maith, iargúlacht agus aonrú a mbíonn daoine á lorg go gníomhach. Féadtar tuaithe a thabhairt do bhailte agus sráidbhailte ar fud na hÉireann mar gheall ar a suíomh agus an ról atá acu i gcúlchríoch tuaithe níos leithne.
- 4.3.4 Níl 'ceantair tuaithe' ná na pobail a bhfuil ina gcónaí laistigh de chineálacha áirithe de cheantair tuaithe mar i gcéanna. Leis na héagsúlachtaí eacnamaíocha, sóisialta agus spásúla, atá ag dul i méid, idir cheantair tuaithe, léirítear nach amháin go bhfuil na ceantair tuaithe níos láidre suite in áit a bhfuil buntáiste geografach, ach tá an cumas sóisialta agus daonna acu a gcuid riachtanas a aithint agus páirt éifeachtach a ghlacadh i straitéisí atá ag teacht chun cinn.
- 4.3.5 Ar an iomlán, tháinig méadú ar fhás an daonra i dtuaithe na hÉireann idir na blianta 1996 agus 2011, méadú ar ráta agus scála nár fhacthas ón am roimh an nGorta Mór. Ní fhacthas leibhéal fáis mar seo beagnach in aon áit eile san Eoraip, ina bhfuil an claonadh ann de mheathlú ar dhaonra na tuaithe, go háirithe nuair atá an limistéar suite lasmuigh de cheantair na gcathracha móra.

### Athléimneacht na gCeantar Tuaithe

- 4.3.6** Le blianta beaga anuas, tá athrú ollmhór tagtha ar chineál geilleagair atá i gceantair tuaithe na hÉireann. Níl baint dhíreach ag go leor daoine a bhfuil cónaí orthu i gceantair tuaithe le feirmeoireacht nó gníomhaíochtaí a bhaineann le feirmeoireacht. Is é an dúshlán reatha ná cothrom cuí a bhaint amach idir tacaíocht a thabhairt do phobail talmhaíochta na hÉireann agus do ghníomhaíocht eacnamaíoch eile bunaithe ar an tuaithe traidisiúnta agus ag an am céanna éagsúlú agus forbairt eacnamaíoch inbhuanaithe a chothú i gceantair tuaithe.
- 4.3.7** Tá scór ard ag ceantair tuaithe ó thaobh fachtóirí cáilíochtúla, ‘daonna’ agus comhfhorbairt áite ar nós beocht na n-áiteanna agus ceannasaíocht agus maoirseacht áitbhunaithe. Féadfaidh an difreáil seo cabhrú le dúshlán a sháru, nuair a bheidh easnamh ann ó thaobh tréithe níos uirbí ar nós scála nó infreastruchtúr. Is deis é an Creat Pleanála Náisiúnta na gnéithe seo a chomhordú le chéile go straitéisí comhtháthaithe áitbhunaithe chun an raon iomlán de láidreachtaí áitiúla a ghníomhachtú agus a mhéadú ar fud na hÉireann.
- 4.3.8** Leis na treochtaí bunúsacha léirítear nach bhfuil go leor ceantair tuaithe agus bailte beaga agus meánmhéide athléimneach ó thaobh athruithe struchtúrach leanúnacha de. Áirítear leo seo an meathlú de thionscail tuaithe traidisiúnta, an sórt agus an suíomh athraitheach d’fhostaíocht chomh maith leis an bhfoirm fhisiceach d’fhorbairt tráchtála agus miondíola.
- 4.3.9** Sa tuarascáil CEDRA rinneadh scrúdú ar na fachtóirí ar chúis le meathlú iad maidir leis an inmharthanacht eacnamaíoch agus shóisialta de go leor bailte, meathlú a chuir isteach ar a gcumas infheistíocht a tharraingt agus a choimeád. Sa tuarascáil tugadh i gcrích:- “Go ginearálta, is iad na bailte inar tháinig fás inbhuanaithe ar an daonra, gan aird ar a mhéid, na bailte a bhí gar do nó inrochtana ar bhailte móra nó ar na cúig chathair mhóra.” Ina theannta sin, luaitear sa tuarascáil go bhfuil an iarmhairt deiridh de roghanna eacnamaíocha neamh-inbhuanaithe le brath is mó sna ceantair tuaithe, is é imirce an iarmhairt sin.
- 4.3.10** Is cúis imní do cheantair tuaithe iad na roghanna eacnamaíocha neamh-inbhuanaithe. Ar an taobh eile, bhain ceantair tuaithe atá níos inrochtana sa chúlchríoch de limistéir uirbeacha, ina bhfuil feidhmiúchán láidir ann, leas as an bhfás tapa a tharla le linn fiche bliain anuas. Ach, áfach nuair a chuirtear é seo le chéile le lonnaíochtaí atá taobh leo, tharla an fás ar scála nach rabhtas ag súil leis agus dá bharr d’éirigh sé deacair agus freastal orthu i dtéarmaí conláistí agus infreastruchtúr.
- 4.3.11** Ceileadh an meathlú dhaonra tuaithe i gceantair nach bhfuil mórán rochtana acu ar chathracha agus ar bhailte móra in Éirinn, le fás an daonra a tharla go ginearálta i ngach Contae idir 2001 agus 2011, ach tá sé níos mó le feiceáil anois. Tugadh tacaíocht dó seo i gcur i gcrích an Tuarascáil CEDRA, inar tuairiscíodh gur tháinig méadú suntasach ar an daonra le linn na tréimhse 1991-2011 i gceantair tuaithe gar do nó a raibh rochtain acu ar na príomhchathracha agus ar na bailte móra, cé gur leanadh le laghdú suntasach ar an daonra i gceantair tuaithe níos iargúlta nó nach raibh mórán rochtana acu ar bhailte nó ar chathracha. Aithnítear é seo chomh maith sa Phlean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe.
- 4.3.12** Tá beartais i bhfeidhm i ngach údarás áitiúil in Éirinn faoi láthair lena n-éascaítear maireachtáil amuigh faoin tuath. Leagtar amach thíos léirshamhlú de líon na gceadanna pleanála a deonaíodh do thithe amuigh faoin tuath thar tréimhse X bliain, dá dtagraítear ‘tithe aonuaire’ nó tithe aonair.
- 4.3.13** Beidh sé riachtanach cosaint a thabhairt do roinnt ceantar tuaithe ó bhrúnna fáis neamh-inbhuanaithe a tharla le déanaí, agus ag an am céanna, a chinntiú go bhfuil malairtí tarraingteacha eile ar fhorbairt tuaithe arna ghiniúint go huirbeach i gcúlchríocha na gcathracha agus na bhailte móra. Beidh gá le cur chuige difriúil ar fhorbairt tuaithe i limistéir nach bhfuil mórán rochtana acu ar limistéir uirbeacha móra, ach i gcomhthéacs cúlchríoch uirbeach-tuaithe logánta.



## Idirthuilleamaíocht Uirbeach-Tuaithe

- 4.3.14** Tá ról tábhachtach ag pleanáil spásúil éifeachtach maidir lena chinntiú go mbaineann Éire tairbhe as a cuid láidreachtaí agus go seachadann sí dinimic láidir idir ceantair tuaithe agus comhchruinnithe uirbeacha chun caighdeán mhaireachtála a sheachadadh do chách. Tá an idirghníomhaíocht idir limistéir uirbeacha agus a gcuid cúlchríoch tuaithe fíorthábhachtach d'acmhainneacht na tuaithe a bhaint amach.
- 4.3.15** Leis an scála nach bhfacthas riamh maidir le fás an daonra i gcuid mhór de Thuaithe na hÉireann suas go 2011, leagadh amach caighdeán neamh-inbhuanaithe. Chomh maith leis sin, sháraigh sí na treochtaí bunúsacha a luathaigh agus a bhfuil níos forleithne anois le blianta beaga anuas. Is léir go bhfuil gaol tábhachtach idir folláine sóisialta agus eacnamaíoch na gceantar tuaithe agus a gcuid cóngarachta agus inrochtaineachta ar bhailte agus ar chathracha inmharthana. Tá saghas na n-idirghníomhaíocht idir na cineálacha difriúla de thuaithe na hÉireann agus Éire uirbeach, fíor-thábhachtach chun athléimneacht na n-áiteanna tuaithe in Éirinn a chinntiú.
- 4.3.16** Tá tréithe sainiúla áitbhunaithe ag ceantair agus bailte tuaithe, agus tá daonraí arna nginiúint go stairiúil acu atá i bhfad níos mó ná an daonra atá iontu sa lá atá inniu ann, le ceangail ar fud an domhain. I gcomhthéacs domhandaithe agus ionannas, tá breithnithe áitbhunaithe dá leithéid i bhfad níos tábhachtaí ná mar a bhí riamh roimhe seo. In ainneoin treochtaí le déanaí, tá luach ollmhór ag baint le barántúlacht agus acmhainneacht na n-áiteanna ar fud na hÉireann.


### Figiúr 4.3.1

#### Deontais Chead Pleanála, Tithe 2001 -2015

Ní áirítear Teaghaisín/Árasáin) Foinse: CSO, Statbank BHA02

#### Ceadanna arna nDeonú Tithe Aonair, 2012

3 501



- 4.3.18** Le cur chuige áitbhunaithe dá leithéid, éascófar don Chreat Pleanála Náisiúnta díriú ar gach áit sa Tír, cibé tuaithe, uirbeach nó eatarthu, ag am ina bhfuil siad níos idirspheáiche ná riamh. I gcodarsnacht le líon beag de réigiúin chathrach mhóra, tá líon i bhfad níos mó de chúlchríocha uirbeach-tuaithe ar fud na hÉireann.
- 4.3.19** Sa Chreat Pleanála Náisiúnta déanfar iarracht díriú ar fhorbairt arna giniúint go huirbeach i gcúlchríoch na gcathracha agus na mbailte níos mó agus forbairt de straitéisí áitbhunaithe comhtháthaithe le haghaidh cúlchríoch tuaithe-uirbeach. Cuirfidh leis na sócmhainní saineúla agus uathúla de dhúichí ar fud na hÉireann, maidir le táirgeadh beatha agus bia, cultúr agus oidhreacht, tírdhreach agus turasóireacht i gcomhthéacs deiseanna a thagann chun cinn de bharr teicneolaíochtaí nua agus cineálacha nua de tháirgeadh fuinnimh ghlais.

## Cad atá amach Romhainn?

Le linn fiche bliain anuas, bhí buntáistí ann do roinnt ceantair dúiche, ach d'fhulaing roinnt eile na hiarmhairtí ón gcor chun donais a tharla le déanaí agus na treochoaí fadtéarmacha a chuir isteach ar a gcuid inmharthanachta. Is dúshlán é aghaidh a thabhairt ar an mbunathrú sin ós rud é gur tháinig athruithe bunúsacha ar an gcineál de go leor pobal tuaithe, athrú a tharla mar gheall ar mheathlú na dtionscal tuaithe traidisiúnta agus na naisc atá ag dul i méid idir na ceantair uirbeacha agus na ceantair tuaithe.

Sa ghearrthéarma díreach, cuirfear i bhfeidhm raon tionscnamh sóisialta agus eacnamaíoch ar fud Tuaithe na hÉireann leis an bPlean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (2017) de thrí bliana. D'fhoill cur leis seo, cuirfear fíis fhadtéarmach straitéiseach ar fáil leis an gCreat Pleanála Náisiúnta, ina leagfar agus ina dtabharfar aghaidh ar dhúshlán na todhchaí do thuaithe na hÉireann.

Is léir gur cosúil go mbeidh 'gnó mar is gnách' mar chúis le tuilleadh laghdaithe ar cheantair tuaithe in Éirinn nach bhfuil mórán rochtana acu ar ár gcathracha agus ár mbailte móra, in ainneoin fás arna giniúint go huirbeach i roinnt cúlchríoch chathrach, cheal aon phlean nó straitéis.

- Mura ndéanfar idirghabháil, leanfar le leagan amach de chaighdeán neamh-inbhuanaithe i roinnt ceantar, maidir le scála fhás an daonra i dtuaithe na hÉireann. Tá sé seo bunaithe ar spleáchas ar thithíocht aonair arna giniúint go huirbeach, lena mbuanaítear spleáchas cairr, agus lena gcuirfear isteach ar inmharthanacht agus beocht na sráidbhailte agus bailte in aice láimhe, mar áiteanna chun cónaí inti agus bíonn sé mar chúis le saincheisteanna leagáide féideartha sa todhchaí.
- I gceantair a mheastar go bhfuil siad níos imeallaí, beidh daonra ag dul in aois iontu, a bheidh mar chúis le dúshlán maidir le maireachtáil in aonrú sóisialta chomh maith le hathrú ar riachtanais agus cumais na bpobal d'fhoill freastail ar na riachtanais sin.

D'fhoill bogadh ón 'Gnó mar is Gnách' beidh gá do na cásanna malartacha an méid seo a leanas a bhreithniú:

- An idirthuilleamaíocht de cheantair tuaithe agus limistéir uirbeacha, a chuirfidh breis lena chéile agus a chomhlánóidh a chéile, in ionad a bheith in iomaíocht;
- An t-ionracas de 'tuaithe' mar aonán inmharthana ina bhféadfaidh rath a bheith ag na pobail agus a chuireann caighdeán na beatha den scoth ar fáil;
- Cuir leis an 'Sármhaitheas Tuaithe' - i.e. ar fud na n-earnálacha talmhaíochta, muirí, in-athnuaite, turasóireachta, srl.;
- Na comhthionscnaimh agus cur chuige comhoibríoch a aithint agus tuilleadh feabhais a chur orthu ionas go seachadfar torthaí níos fearr do dhaoine agus d'áiteanna i dtuaithe na hÉireann;
- Bainistíocht níos inbhuanaithe ar acmhainn na talún i gceantair tuaithe - go háirithe ina bhféadtar feabhas a chur ar éifeachtúlacht d'úsáid talún mar bhealach chun 'áiteanna níos fearr' a bhaint amach.
- An acmhainneacht de 'thuaithe' i gcomhthéacs náisiúnta agus an bealach is fearr an acmhainneacht seo a éascú tríd an NPF.

## Príomhcheisteanna

- **Conas a fhéadfaidh an NPF raon agus cáilíocht na n-acmhainní a chuimsiú (i gcomhthéacs beartais straitéisigh náisiúnta) acmhainní atá i gceantair tuaithe a fhéadtar úsáid a bhaint astu chun tacú le fás eacnamaíoch náisiúnta, le cuspóirí um athrú aeráid agus le forbairt na bpobal áitiúil?**
- **Cad iad na réitigh atá ann ar an daonra a choimeád sna ceantair tuaithe sin inar tháinig laghdú ar an daonra?**
- **Cén ról ar chóir a bheith ag bailte agus sráidbhailte i gceantair tuaithe chun freastail ar fhás na hÉireann sa todhchaí?**
- **Conas a fhéadtar cosaint a thabhairt d'áiteanna tuaithe atá gar do limistéir uirbeacha in Éirinn ó bhrúnna forbartha ar cosúil go dtiocfaidís chun cinn mar gheall ar tuilleadh fás sa daonra?**
- **Cad iad na bearta a chaithfear a chur i bhfeidhm chun ligean dóibh siúd a bhfuil fíor-riachtanas acu cónaí orthu amuigh faoin tuath?**

### 4.4 Éire i gComhthéacs Uile-Oileáin

#### Caidreamh Trasteorann le Tuisceart Éireann

- 4.4.1** Le cinneadh na Ríochta Aontaithe maidir leis an AE a fhágáil, tá dúshlán ollmhóra ann d'oileán na hÉireann, go háirithe na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann do Thuaisceart Éireann agus do na caidrimh Thuaidh-Theas. Tá socruithe aontaithe ag an Rialtas agus an Fheidhmeannacht Thuaisceart Éireann, tríd an gComhairle Aireachta Thuaidh/Theas, maidir le comhphleanáil Thuaidh-Theas a bharrfheabhsú agus maidir le rannpháirtíocht i leith príomh-shaincheisteanna i ndiaidh toradh reifreann na Ríochta Aontaithe.
- 4.4.2** Leis an gcomhar trasteorann idir Éirinn agus Thuaisceart Éireann cuimsítear raon de chomh-shaincheisteanna tábhachtacha thar earálacha éagsúla agus struchtúir rialachais éagsúla, lena n-áirítear faoi choimirce Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas. Áirítear leo seo bainistíocht chomhshaoil, fuinneamh, comhar in oideachas, sláinte agus iompar, forbairt fiontair, comhchinntí infheistíochta ar sholáthairtí infreastruchtúir agus planáil timpistí agus éigeandála.
- 4.4.3** Sa Chreat chun Comhair mar aon le pleananna straitéiseacha don dá dhlínse, aithnítear nach leantar teorainneacha i gcónaí le comhfhorbairt áite, cibé idir-réigiúnach nó idirnáisiúnta. Tá fianaise ann de seo ó na caidrimh feidhmiúcháin idir na socruithe ar an dá thaobh den teorainn agus ó ghluaiseacht na ndaoine idir na háiteanna. Cé nach bhfuil comhaireamh cruinn ar fáil, meastar go dtrasnaíonn suas le 30,000 duine an teorainn ar bhonn laethúil.
- 4.4.4** Sa Chreat chun Comhair mar aon le pleananna straitéiseacha don dá dhlínse, aithnítear nach leantar teorainneacha i gcónaí le comhfhorbairt áite, cibé idir-réigiúnach nó idirnáisiúnta. Tá fianaise ann de seo ó na caidrimh feidhmiúcháin idir na socruithe ar an dá thaobh den teorainn agus ó ghluaiseacht na ndaoine idir na háiteanna. Cé nach bhfuil comhaireamh cruinn ar fáil, meastar go dtrasnaíonn suas le 30,000 duine an teorainn ar bhonn laethúil.
- 4.4.5** Leis na patrúin chomaitéara, léirítear na 'teophointí' (leibhéil arda d'idirghníomhaíocht ag roinnt bealaí trasteorann) idir Doire/Londonderry agus Dún na nGall agus idir an tIúr agus Dún Dealgan (suite ar an ais de Bhaile Átha Cliath- Béal Feirste). Áirítear freisin idirghníomhaíochtaí iomráiteacha eile ar nós an Chabháin/ Inis Ceithleann, Leifear/An Srath Bán agus Muineachán/Ard Mhacha. Tugtar le tuiscint as na patrúin taistil seo go bhfuil caidrimh feidhmiúla ag roinnt lonnaithe ar gach taobh den teorainn ina bhfuil láir uirbeacha sa dhlínse taobh leis. Leis an NPF, tugtar deis creat bheartais a bhunú lena dtugtar tacaíocht do chur chuige comhleanúnach agus do mheicníochtaí lena seachtar fás comhordaithe i réigiún na teorann.
- 4.4.6** Áirítear an Chomhpháirtíocht um Fhás Straitéiseach an Iarthuaiscirt mar chur chuige trasteorann rathúil, a chuireann bealach ar fáil i dtreo feidhmiúcháin níos éifeachtaí ar leibhéal spásúil, déanann sé iarracht comhar a dhoimniú idir Comhairle Chontae Dhún na nGall agus Comhairle Cheantair an Srath Bán agus leis an rialtas láir. Is cur chuige áitbhunaithe é seo chun borradh a chur faoi fhás inbhuanaithe, arna spreagadh ag ceannasaíocht áitiúil agus arna tacú agus treorú ag beartas láir. Mar phríomh-aschur tá feabhas a chur ar fheidhmiúchán cheantar uirbeach an Iarthuaiscirt atá fíorthábhachtach d'Fheidhmeannacht Thuaisceart Éireann agus do Rialtas na hÉireann araon maidir lena n-uailmhianta acmhainneacht eacnamaíoch an réigiúin a bhaint amach.

- 4.4.7** Áirítear leis na tionscnaimh cheannasaíochta áitiúla agus réigiúnacha, an Creat Straitéiseach Réigiúnach do Réigiún na Teorann Láir agus an Chomhghuaillíocht Straitéiseach (MoU) idir Comhairle Cheantair an Iúir agus Múrna agus Údaráis Áitiúla an Lú chun tacú le forbairt eacnamaíoch agus iomaíochas sa réigiún agus chun iad seo a chur chun cinn.


#### Éifeachtúlacht Eacnamaíoch á Treisiú

- 4.4.8** Is í an Ríocht Aontaithe an comhpháirtí trádála is mó atá ag Éirinn, is ionann é seo agus 17% den trádáil, agus is gné thábhachtach í trádáil thrasteorann den chaidreamh trádála seo, go háirithe do Thuaisceart Éireann, téann 33% d'allmhairí Tuaisceart Éireann go dtí an Deisceart agus tagann 27% d'onnmhairí ón Deisceart. Mheas Idir-Thrádáil Éireann gurb ionann luach na trádála trasteorann Thuaidh-Theas maidir le hearraí agus seirbhísí agus tuairim is 6 billiún euro.

**Figiúr 4.4.1**


Sruthanna Comaitéireachta Fostaíochta Trasteorann

**Turas PÉ thar an teorainn go TÉ (Buaicuaireanta AM)**



Foinse: Bonneagar Iompair na hÉireann

**Turas PÉ thar an teorainn go TÉ (Buaicuaireanta AM)**



Foinse: Bonneagar Iompair na hÉireann

- 4.4.9 Sa chaoi chéanna agus idirghníomhaíocht idir áiteanna, ní leanann forbairt earnála agus cnuasach fiontair na teorainneacha riaracháin agus mar sin bíonn gá le cur chuige comhleanúnach maidir le gréasáin trasteorann agus iarmhairtí nuair is iomchuí. Tá deiseanna ann earnálacha a aithint ina bhfuil an acmhainneacht do chnuasach trasteorann/uile-oileáin, ar nós na hearnálacha cógaisíochta, feistí liachta agus forbairt bhogearraí chun a leithéid de láidreachtaí a bhrandáil agus a mhargú. Is réigiún ‘brandáilte’ trasteorann dá leithéid í an Chonair Eacnamaíoch ó Bhaile Átha Cliath go Béal Feirste (Cósta an Oirthir).
- 4.4.10 Is foinse thábhachtach freisin í turasóireacht d’fhorbairt eacnamaíoch, i dtéarmaí turasóirí a tharraingt isteach (thar lear agus intíre) agus i dtéarmaí deiseanna poist a chur ar fáil araon. Ó 2008 ar aghaidh, mhéadaigh faoi trí líon bliantúil na gcuariteoirí ó Éirinn go dtí Tuaisceart Éireann agus is ionann an líon seo agus 1.7 milliún, agus tá líon na daoine ag dul ó thuaidh fós ag tuairim is 400,000 in aghaidh na bliana.
- 4.4.11 Léiríonn na figiúirí turasóireachta leibhéal ard d’idirthuilleamaíocht idir na tairiscintí turasóireachta atá ar fáil ar an dá thaobh den teorainn, agus tá ról tábhachtach ag aerfoirt agus calafoirt na hÉireann maidir leis seo. Mar fhianaise de seo, is tríd Éire a thagann 67% de thurasóirí i dTuaisceart Éireann, turasóirí nach as an Ríocht Aontaithe nó as Éirinn iad.

### Áiteanna a Nascadh tríd Infreastruchtúr

- 4.4.12 Is léir an tábhacht a bhaineann le cur chuige comhordaithe maidir le hinfreastruchtúr náisiúnta ar an dá thaobh den teorainn. Roimhe seo, mar shampla chómhaoinigh an dá riarachán an infheistíocht sna feabhsúcháin sábháilteachta ag Aerfort Chathair Doire. Níos déanaí, d’athdhearbhaigh Rialtas na hÉireann a tiomantas do rannchuidiú leis an uasghrádú ar an mbóthar A5 Baile Átha Cliath-Doire/Londonderry i dTuaisceart Éireann, a bhfreastalaíonn chomh maith ar Dhún na nGall Thuaidh agus an t-iarthuaisceart. I measc na nasc iompair trasteorann tá bóithre eile, líne iarnróid Baile Átha Cliath-Béal Feirste agus na bealaí siúlóide/rothaíochta ‘bealaí glasa’ atá beartaithe, ar nós feadh an Chanáil Uladh.
- 4.4.13 Tá comhordú le Tuaisceart Éireann ar ábhair fuinnimh daingnithe anois i mbeartas fuinnimh na hÉireann, arna tacú ag Margadh Leictreachais Aonair uile-oileáin (SEM). Bíonn comhphleanáil i gceist dá bharr chun cumas sa toadhchá a chomhlíonadh chomh maith leis na hidirghabhálacha atá riachtanach d’fhonn é seo a bhaint amach. lena n-áirítear nasc agus idirnascairí eangaigh leictreachais.
- 4.4.14 I measc na saincheisteanna coiteanna atá ann don dhá dhlínse tá éilimh ar fhuinneamh atá ag dul i méid, an riachtanas leanúnach de ghréasáin iompair a uasghrádú agus an gá do bhanda leathan éifeachtach agus tapa, go háirithe d’úsáideoirí gnó. Mar sin de, tá sé tábhachtach, nuair is iomchuí, go gcabhraíonn idirghabhálacha infreastruchtúir go straitéiseach leis an NPF agus an Straitéis Forbartha Réigiúnaí do Thuaisceart Éireann d’fhonn cuidiú le baint amach na bpríomhspreagthóirí don dá phlean. D’fhonn é seo a bhaint amach beidh gá le ceannasaíocht áitiúil agus réigiúnach.

### Comhthimpeallacht

- 4.4.15 Tá go leor leasanna comhshaoil coiteanna thar an teorainn idir Éire agus Tuaisceart Éireann nuair a bhíonn gá le comhordú. I roinnt cásanna, tá dualgais reachtúla i bhfeidhm, m.sh. Treoir an AE um Measúnú Straitéiseach Comhshaoil, maidir le comhairliúcháin trasteorann maidir le pleananna úsáid talún agus spásúlachta. I gcásanna eile, bíonn maoirseacht ón dá dhlínse riachtanach do straitéisí bunaithe ar cheantar geografach, m.sh., sna réimsí a bhaineann le cáilíocht uisce, bainistíocht abhantraí, tuile uisce, pleanáil spásúlachta mhuirí agus gnáthóga agus suíomhanna ainmnithe. Tá ról agus freagrachtaí sna réimsí seo ag roinnt comhlachtaí cómhaoinithe Thuaidh-Theas.
- 4.4.16 Tá ceangaltas náisiúnta eile ann chomh maith lena léirítear an nádúr trasteorann a bhaineann leis an gcomhshaoil agus a maoirseacht. Ina measc tá gníomhartha ann chun forbairt a dhéanamh ar Mheasúnú Charachtar Tírdhreacha Náisiúnta in Éirinn, ina n-aithnítear an riachtanas d’obair ar bhonn trasteorann agus chun cabhrú le Cairt Tírdhreacha Tuaisceart Éireann.

## Cad atá amach Romhainn?

D'fhonn a bheith rathúil, ba chóir go léirítear sna freagraí beartais ar an Brexit, lena n-áirítear sa NPF agus inár gcur chuige ar fhorbairt infreastruchtúir, timpeallacht eachtrach athraitheach agus luaineach ar leibhéal domhanda agus ar leibhéal an AE, chomh maith leis na himpleachtaí níos díri ar oileán na hÉireann. Beidh nádúr agus téarmaí an Brexit fíor-thábhachtach do shocrú na dtionchar eacnamaíoch agus maicreacnamaíoch agus freagraí beartais earnála, ar nós an NPF. De réir mar a éiríonn staid idirbheartaithe na Ríochta Aontaithe níos soiléire, déanfar athbhreithniú ar na hanailísí earnála leis an aidhm de dhíriú ar fhreagraí beartais. Ag an gcéim seo, áfach, is léir go mbeidh na tionchair mheasta is suntasaí sna hearnálacha talmhaíochta/bia agus iascaireachta, na hearnálacha iompair agus fuinnimh, chomh maith leis na hearnálacha fiontair agus miondíola agus i ngeilleagar na Teorann.

Ní mór don NPF oiriúnú do na cúinsí bunúsacha seo agus iad a léiriú chomh maith. Ba chóir na saincheisteanna seo a leanas, go háirithe, a bhreithniú.

- An acmhainneacht straitéiseach den Chonair Eacnamaíoch ó Bhaile Átha Cliath go Béal Feirste (Cósta an Oirthir) agus an chaoi a bhféadfaidh sí tionchar a bheith aici ar chinntí pleanála idir an dá phríomhchathair ar oileán na hÉireann;
- An gá le breathnú níos faide ná na teorainneacha riaracháin le haghaidh forbartha éifeachtaí na réigiún tríd obair le chéile trí struchtúir ar nós Tionscnamh Tairisí an Iarthuaiscirt agus Comhpháirtíocht um Fhás Straitéiseach an Iarthuaiscirt i bpáirtíocht le rialtas áitiúil (Dún na nGall-Doire/Londonderry & An Srath Bán);
- Ailíniú níos mó de phleanáil infreastruchtúir lena gcuirtear taca faoi na cuspóirí den NPF agus an Straitéis Forbartha Réigiúnaí i dTuaisceart Éireann araon chun aghaidh a thabhairt ar chomhdhúsláin spásúlachta trasteorann;
- An acmhainneacht de chnuasach gníomhaíochta eacnamaíche trasteorann nó uile-oileáin agus an chaoi is fearr a bhféadfaidh an NPF cabhrú le hathléimneacht eacnamaíoch fhadtéarmach na gceantar a chothú ar fud ár dteorainneacha;
- Cur chuige bainistíochta agus comhsmaointeoireachta maidir le bainistíocht agus cosaint an chomhshaoil.

## Príomhcheisteanna

- **Conas a fhéadfaidh an NPF comhordú a éascú idir socruithe a bhfuil naisc choiteanna acu thar an teorainn idir Tuaisceart Éireann agus Éire agus conas ar chóir é seo a léiriú sa cháipéis?**
- **Cén deiseanna eacnamaíocha agus cnuasach earnála a bhfuil ann a bhféadfaidh na geilleagair laistigh den dá dhlínse tairbhe a bhaint astu agus cén chaoi ar fearr é seo a chuimsiú sa NPR agus conas tacú leis seo sa NPF?**
- **Cén meicníochtaí atá riachtanach chun cur chuige comhleanúnach a chinntiú maidir le hinfreastruchtúr straitéiseach agus cinntí infheistíochta a bhfuil gné thrasteorann acu agus an bhfuil samplaí ann maidir le dea-chleachtas?**
- **I dtéarmaí infreastruchtúr trasteorann a sheachadadh de réir mar a mhionsonraítear mar shampla san IBEC-CBI NI All Island Investment Project (Tionscadal Infheistíochta Uile-Oileáin<sup>8</sup>, cén struchtúir a bhfuil le forbairt ionas go luamhánaítear cómhaoiniú, lena n-áirítear tríd an earnáil phríobháideach?**
- **Conas a fhéadfaimid bealaí comhthairbheacha a chomhordú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chomhshaoil coiteanna ar fud na ceantair chomhroinnte?**


## 4.5 Forbairt Mhuirí agus Talún Comhtháite

### Oileáin agus Muirí na hÉireann - Comhcheangail Chumhachtacha

- 4.5.1 Ní amháin ar múnlaíodh tírdhreach an náisiúin le suíomh na hÉireann mar náisiún oileáin ar imeall iarthair na hEorpa, ach tá baint shuntasach aige ar stair na tíre, na patrúin lonnaithe atá ann, ár gcultúr agus ár n-oidhreacht uathúil chomh maith le tionchar a bheith aige ar ár sochaí agus ar ár ngeilleagar.
- 4.5.2 Tá acmhainn mhuirí éagsúil agus mhór ag Éirinn - is ionann achar ár ngrinneall na farraige agus 880,000km<sup>2</sup>, os cionn deich n-uaire níos mó ná ár mórchríoch. Is ionann méid ár n-imeallbhord agus 3,171km agus tá sé níos faide ná go leor tíortha Eorpacha.

#### Figiúr 4.5.1

Teorainn Mhuirí Scairbhe ilchríochaí na hÉireann Ainmnithe



Foinse: Ireland's Marine Atlas [atlas.marine.ie](http://atlas.marine.ie)

- 4.5.3 Tá cuid dár bpobail is bríomhaire agus is éagsúla ó thaobh cultúir de, inár n-oileáin agus inár gceantair cois farraige. Is cuid bhunúsach d'oidhreacht an stáit agus tá tábhacht speisialta acu i gcultúr na hÉireann. Cé go bhfuil cúpla céad oileán beag amach as cósta na hÉireann, tá tuairim is daichead ina bhfuil daoine lonnaithe ann, agus is oileáin Ghaeltachta iad den chuid is mó. Tá formhór na n-oileán Ghaeltachta amach as cósta thiar Contaetha Dún na nGall, Maigh Eo, Gaillimh, Ciarraí agus Corcaigh.



**4.5.4** Tá na pobail seo éagsúil agus uathúil i gcomhthéacs Éireannach, mar gheall ar a leochaileacht agus aonrú de shaol an oileáin. Mar gheall ar a suíomh, éiríonn siad deaslámhach ar fhéintuilleamaí agus tá féiniúlacht an-láidir acu. Bhí agus tá iascaireacht mar phríomhghníomhaíocht eacnamaíoch laistigh de mhuintir oileáin na hÉireann ar feadh na nglún. Imleallbhord, uiscí cois cladaigh agus uiscí amach ó chósta na hÉireann:

- Tá roinnt de na hacmhainní iascaigh is luachmhara agus is mó san Eoraip iontu;
- Is tairseach an iarthair iad do loingseoireacht go dtí na calafoirt is gnóthaí san Eoraip.
- Is áit iontach iad d'iasc eite, sliogiasc agus dobharshaothrú feamainne;
- Tá siad i measc na n-acmhainní is saibhre agus is inrochtana maidir le fuinneamh in-athnuaite (gaoithe, toinne agus taoide);
- Cuimsíonn siad acmhainn fhéideartha suntasach i leith gáis agus ola a fianáidh le fionnachtana a rinneadh le déanaí agus le taighde leanúnach;
- Tugann siad deiseanna dúinn táirgí agus seirbhísí nua a fhorbairt;
- Cuireann siad deiseanna fóillíochta agus turasóireachta ar fáil chomh maith le hoidhreacht agus cultúr muirí saibhir;
- Tacaíonn siad le raon éagsúil agus saibhir d'éiceachórais, gnáthóga agus speicis agus muirdhreacha agus tírdhreacha uathúla.

### **Pleanáil Spásúlachta Muirí**

**4.5.5** Ní ghlactar go forleathan le haon sainmhíniú ar idirghníomhaíochtaí talún-farraige. Féadtar smaoineamh ar an gcoincheap i dtéarmaí gníomhaíochtaí agus úsáidí daonnachtúla intíre agus in uiscí muirí, agus ar an gcaoi a n-idirghníomhaíonn siad ar bhealaí lena ngintear tionchair eacnamaíocha, sóisialta agus chomhshaoil.

**4.5.6** Agus breithniú a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaidh próisis phleanála talún agus muirí idirghníomhú agus comhtháthú, d'fhéadfá a bheith úsáideach machnamh a dhéanamh ar réimsí téamacha comhleasanna maidir leis an dá phróiseas, agus maidir leis an gcaoi a bhféadtar forluí a bheith ann, cibé go spásúil nó i dtéarmaí na dtionchar eacnamaíoch, sóisialta agus chomhshaoil a ngintear leo. I measc réimsí dá leithéid, áirítear é seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh:

- Cosaint chósta;
- Bainistíocht riosca i gcás tuilte;
- Cáilíocht an uisce;
- Tírdhreach / muirdhreach;
- Oidhreacht chultúrtha;
- Bithéagsúlacht;
- Caomhnú an uisce;
- Infreastruchtúr fuinnimh;
- Infreastruchtúr teileachumarsáide;
- Calafóirt/loingseoireacht/muiríní/dreidireacht;
- Turasóireacht/Caitheamh Aimsire/Fóillíocht.

**4.5.7** Le Pleanáil Spásúlachta Muirí (MSP), déantar scrúdú ar an mbealach a úsáidimid an limistéar agus pleanáil mhuirí agus ar an gcaoi is fearr é a úsáid sa todhchaí. Ba chóir go mbeadh Pleanáil Spásúlachta Muirí i bhfeidhm faoi mhí an Mhárta 2021 i gcomhréir le Treoir an AE 2014/89/AE. Sa MSP, déanfar iarracht cothromaíocht a aimsiú idir na héilimh éagsúla maidir le húsáid na farraige, lena n-áirítear an gá le cosaint a thabhairt don chomhshaoil muirí. Is éard atá i gceist ná pleanáil an t-am agus an áit a dtarlaíonn gníomhaíochtaí daonna amuigh ar an bhfarraige agus a chinntiú go mbíonn na gníomhaíochtaí seo éifeachtach agus inbhuanaithe sa mhéid agus is féidir.

- 4.5.8** In éineacht leis an gCreat Pleanála Náisiúnta, cuirfear ar fáil creat beartais straitéisigh ar fáil leis an bPlean Spásúlachta Muirí, an chéad phlean dá leithéid in Éirinn, chun forbairt agus úsáid inbhuanaithe den chomhshaol muirí a spreagadh, chun buntáistí sóisialta agus eacnamaíocha a sheachadadh do mhuintir an oileáin agus an chósta.

### Geilleagar Muirí na hÉireann

- 4.5.9** ‘Harnessing Our Ocean Wealth’ (Ag Baint Leas as Saibhreas ár nAigéin) – Plean Muirí Comhtháite d’Éirinn, arna foilsiú in 2012, is tionscnamh beartais comhtháite tras-rialtais é um Fhás Gorm/Muirí. Tá sé mar phríomhaidhm ag an mbeartas forbairt shuntasach a dhéanamh ar gheilleagar gorm na hÉireann, méadú a chur ar fhostaíocht san earnáil mhuirí agus a ranníocaíocht d’OTI na hÉireann a mhéadú faoi dhó faoi 2030. Leagtar amach 39 Gníomh thar ocht n-áisiitheoir a bhfuil sé mar aidhm acu na coinníollacha d’fhás agus d’infheistíocht a chruthú. Aithnítear cur chuige nua le cur i bhfeidhm, thar raon de réimsí téamacha, agus áirítear an méid seo a leanas:

- Earnálacha fiontair atá ann cheana a ‘muirdhíon’ ar nós na hearnálacha fuinnimh, TCF agus bia – ag síneadh amach a gcuid gnó go raon de mhargaí nua a bhaineann leis an muirí (TCF don Fharraige, bitheicneolaíocht mhuirí agus tráchtáil mhuirí);
- Neart a chur le tionscail mhuirí atá ann cheana; agus
- Forbairt a dhéanamh ar acmhainní nádúrtha nár úsáideadh riamh nó ar acmhainní atá ann cheana ar bhealaí nua.

- 4.5.10** Féadfaidh an geilleagar muirí in Éirinn a chur i bhfochatagóir i dtéarmaí margáí Aigéin nó Cósta

#### An tAigéan

- Bia Mara: iascaigh mara, dobharshaothrú, próiseáil bhia mara, bitheicneolaíocht mhuirí agus biotáirgí;
- Fuinneamh: taiscéalaíocht agus táirgeadh ola agus gáis; fuinneamh in-athnuaite muirí: gaoth amach ón gcósta, toinne agus taoide;
- Turasóireacht Mhuirí: turasóireacht chósta agus mara, m.sh., seoltóireacht, tonnmharcaíocht, tumadóireacht, slatiascaireacht mhara, srl., tionscal aistear mara idirnáisiúnta.

#### Cósta

- Iompar Muirí, Longthógáil agus Seirbhísí (MTSS): tráchtáil mhuirí agus léasú loinge, calafoirt, loingseoireacht agus iompar muirí.
- Gníomhaíochtaí muirí: déantúsaíocht, innealtóireacht agus tógáil mhuirí, agus seirbhísí miondíola muirí.
- Gníomhaíocht atá ag teacht chun cinn: tráchtáil mhuirí, táirgí agus seirbhísí muirí ardteicneolaíochta, fuinneamh aigéin agus bitheicneolaíocht mhuirí.

- 4.5.11** Agus a mbaintear leas as deiseanna nua san earnáil mhuirí ar nós na ndeiseanna sin sa gheilleagar foghlama agus san earnáil fuinnimh, cabhrófar le fás eacnamaíoch inbhuanaithe a sheachadadh, agus leis an daonra agus na seirbhísí tacaíochta a tharraingt isteach agus a choimeád. Tá sé seo thar a bheith ábhartha do phobail an chósta. I dtéarmaí scileanna, tá teicneoirí agus oibreoirí ginearálta ag teastáil ón tionscal in Éirinn chomh maith le baill foirne agus gairmeacha teicniúla oile.

- 4.5.12** Is iad na fo-earnálacha ina bhfuil an t-éileamh is mó ar scileanna ná biamara, MTSS (Iompar Muirí, Longthógáil agus Seirbhísí) agus turasóireacht mhuirí. Féadfaidh bunscileanna agus faisnéis a bhaineann le go leor slí bheatha (m.sh. cuntasaíocht, innealtóireacht, leictreoirí) a mhuirdhíon tríd oiliúint bhreise a fháil nó cáilíocht bheisithe a fháil, lena ligtear dóibh iad a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs muirí.

- 4.5.13** Tuairiscíodh treochtaí dearfacha thar roinnt príomhearnálacha ar nós onnmhairí bia mara, loingseoireacht agus turasóireacht i limistéir chósta agus mhuirí. Tháinig méadú de 7 faoin gcéad ar líon iomlán tráchta ag dul trí chalafoirt na hÉireann sa bhliain 2015, an leibhéal is airde ó thús na géarchéime eacnamaíche.

- 4.5.14** Leis an mBeartas Náisiúnta um Chalafoirt, ina ndearnadh sraitheanna de chalafoirt na hÉireann, tá dea-fhorbairt á déanamh ar infreastruchtúr iompair sna trí chalafoirt de ‘Sraith 1’ in Éirinn. Feictear an dul chun cinn atá déanta sna uasghráduithe infreastruchtúir bóithre agus iarnróid a bhaineann le pleananna forbartha Baile Átha Cliath, Corcaigh agus na Sionna Faing.

## Cad atá amach Romhainn?

Baineann rath an gheilleagair mhuirí agus oileán le muintir chósta na hÉireann, atá suite go minic ar imeall an oileáin. Tá na pobail seo lárnach do shaol agus beocht na gníomhaíochta mhuirí agus oileán. Ós rud é go mbraitheann na gnéithe níos traidisiúnta den earnáil seo ar scileanna na ndaoine atá suite sna ceantair seo, thiocfadh laghdú ar an daonra leis an gcás 'Gnó mar is Gnách' sna ceantair tuaithe níos iargúlta in Éirinn, lena n-áirítear pobail oileán agus cósta.

Mar i gcéanna le hearnálacha d'oilteacht thraidisiúnta, tá an dul chun cinn atá déanta sa teicneolaíocht le déanaí mar chúis leis an earnáil Mhuirí ag freagairt ar domhan oibre athraitheach. Sa bhreis ar bhallraíocht na hÉireann den Aontas Eorpach, tá impleachtaí ag an dul chun cinn seo ar fhostaíocht mhuirí.

Beidh gá le feabhas a chur ar an idirghaolmhaireacht idir an talamh agus an fharraige d'fhonn ligean d'Éirinn sárú agus a bheith mar cheannasaí domhanda san earnáil Mhuirí. D'fhonn feabhas a chur ar an idirghníomhaíocht seo, beidh gá do na cásanna malartacha an méid seo a leanas a bhreithniú:

- Na deiseanna náisiúnta maidir le sármhaitheas sa Mhuirí a uasmhéadú, lena n-áirítear infreastruchtúr, fuinneamh, caomhnú agus teicneolaíocht shonraí;
- Profáil sa todhchaí de na struchtúir a rialaíonn an earnáil Mhuirí chun cumas a neartú;
- Bainistíocht comhtháite de shócmhainní mhuirí;
- An ról atá ag cáiliúocht chomhshaoil mhuirí i ngeilleagar na hÉireann agus cibé a bhfuil gníomhaíochtaí talún ag cur le nó ag cur isteach ar na huiscí mórtimpeall.

## Príomhcheisteanna

- **Agus ag smaoineamh ar an gcuma a mbeidh ag Éirinn faoi cheann fiche bliain, cad é an todhchaí do chósta agus oileáin na hÉireann agus amach ón gcósta chomh maith?**
- **Conas a fhéadfaidh pobail na n-oileán agus an chósta cur le fíis náisiúnta na hÉireann, mar chuid den NPF?**
- **Conas a fhéadfaidh spriocanna an Plean Muirí comhtháite a léiriú go spásúil sa Chreat Pleanála Náisiúnta?**
- **Cén bhearta, beartais nó gníomhartha a chaithfear cur chun cinn d'fhonn ligean d'acmhainn mhuirí na hÉireann oiriúnú d'éifeachtaí an t-athrú aeráide (m.sh. creimeadh cósta, tuile, ardú leibhéal na farraige, srl.)?**
- **Cad iad na hinfheistíochtaí infreastruchtúir a chaithfear a dhéanamh chun acmhainneacht inbhuanaithe dár n-acmhainn aigéin a uasmhéadú?**



# Comhshaol Uathúil na hÉireann – Inbhuanaitheacht

## 5.1 Forbairt agus Athrú ar Úsáid Talún

- 5.1.1** Is cuid dár persona glas é comhshaol na hÉireann agus a gcuid tírdhreach éagsúil agus féadfaimid a bheith bródúil as go leor de seo. Go háirithe, tá dea-cháilíocht aeir againn go ginearálta agus tá dea-cháilíocht uisce ag go leor dár n-aibhneacha agus lochanna. Is fianaise dár gcumas oiriúnú do chúiseanna imní chomhshaoil í an iarracht náisiúnta maidir le hathchúrsáil agus aisghabháil dramhaíola.
- 5.1.2** Cé go bhfuil cáilíocht ghinearálta ár gcomhshaoil go maith, ceileann sé roinnt de na bagairtí atá amach romhainn. I measúnú a rinne an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) le déanaí ar chomhshaol na hÉireann, léirítear go mbeidh impleachtaí ag na roghanna a dhéanaimid ar na glúine amach romhainn. San áireamh i roinnt de na príomhdhúsláin náisiúnta a bhaineann leis an gcomhshaol, tá an gá le borradh a chur faoin ngníomh ar athrú aeráide agus ar fhuinneamh in-athnuaite, dul i ngleic le fadhbanna a bhaineann le cáilíocht aeir i limistéir uirbeacha, leis an mbaoil sláinte atá ann maidir le huisce óil, fuíolluisce uirbeach a chóireáil agus gnáthóga soghonta agus tábhachtacha a chosaint.
- 5.1.3** Tá dea-phleanáil tábhachtach d'inbhuanaitheacht ár gcomhshaoil. Tá tionchar ag an gcóras pleanála ar raon leathan d'earnálacha, go díreach agus go hindíreach araon, agus idirghníomhaíonn sé le go leor saincheisteanna a bhaineann le bainistíocht éifeachtach den chomhshaol, lena n-áirítear seirbhísí uisce, tírdhreach, pleanáil riosca i gcás tuilte, bainistíocht chósta agus mhuirí, maolú aeráide agus athrú ar úsáid talún.
- 5.1.4** Is ionstraim bheartais thábhachtach é an Measúnú Straitéiseach Comhshaoil (SEA) chun a chinntiú go mbíonn ailíniú níos fearr déanta maidir le pleananna, beartais agus tionscadal ar leibhéal forbartha an phlean straitéisigh. I gcáipéis 'scóipe' SEA ar leith, déantar scrúdú ar an t-saincheist seo go mionsonraithe in éineacht le Measúnú Cuí maidir le gnáthóga faoi chosaint agus Meastóireacht Straitéiseach um Riosca i gcás Tuilte agus tá sé ar fáil le léamh i gcomhpháirtíocht leis an gcáipéis phlé seo.
- 5.1.5** Is acmhainn theoranta é an talamh. Sa ghaol idir an talamh agus muintir na hÉireann, is minic a chuimsítear an t-idirphlé idir duine agus áit, sna saincheisteanna casta agus leasanna éagsúla. Féadfaidh bainistíocht agus maoirseacht an talún a bheith mar fhoinsé choimhlinte, go háirithe nuair a mhothaíonn daoine aonair nó pobail bagairt ón athrú a thagann ar úsáid talún.
- 5.1.6** Leis an gcineál athraithe ar úsáid talún agus an ráta a bhaineann leis, léirítear an áit ar cosúil go mbeidh brúnna comhshaoil ann. Ó na 1990idí tá ráta sách ard tagtha ar athrú úsáid talún in Éirinn. Tá fás an daonra le déanaí mar chúis le méadú ar fhorbairt tráchtála agus cónaithe scaipthe chomh maith le hinfreastruchtúr nua, agus dá bharr tá brú ar thalamh talmhaíochta, ar limistéir chaomhantais ainmnithe agus ar cháilíocht uisce. Chun freastail ar na héilimh infreastruchtúir atá ag dul i méid, beidh gá le soláthraithe cinnte d'amhábhair a d'fhéadfadh a bheith mar chúis le brúnna ar úsáid talún.
- 5.1.7** D'fhéadfadh tionchar a bheith ag athrú ar úsáid talún neamh-inbhuanaithe ar shláinte an duine, agus d'fhéadfadh sé tionchar díobhálach a bheith aige ar uisce, aeir, ithreacha agus/nó bithéagsúlacht, go háirithe nuair a chuirtear le chéile le díobhálach freagraí droch-bhainistíochta maidir le forbairt. Mar shampla, measann an EPA go bhfuil tuairim is 30% de 17,000 tobar príobháideach in Éirinn éillithe le E.coli.

- 5.1.8** Ó dhearcadh forbartha uirbí, is príomhdhúshlán d'fhás inbhuanaithe dár láir uirbeacha níos mó, í an chóireáil agus diúscairt cheart d'fhuíolluisce. Is cúis imní don EPA iad na tionchair dhiúltacha a thagann as sceitheadh fuíolluisce neamhchóireáilte ar an gcomhshaol agus ar ár sláinte phoiblí. Baineann sé seo le os cionn 40 suíomh ar fud na tíre, lena n-áirítear péire dár gcathracha is mó.
- 5.1.9** Maidir le cáilíocht aeir, tá níos mó fadhbanna ann maidir le cáilíocht aeir inár gcathracha agus inár mbailte níos mó, mar gheall ar astaíochtaí ó sceitheadh feithicle agus téamh tí. I dtuarascáil le déanaí ón nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil, léirítear go mbíonn 1,200 bás anabái san Eoraip gach bliain mar gheall ar nochtadh ábhair cáithnínigh (a tharlaíonn de bharr astaíochtaí tráchtacha agus dó de bhreoslaí deatach le haghaidh téamh tí).
- 5.1.10** Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin maidir le feabhas a chur ar cháilíocht aeir agus uisce beidh gá le comhordú beartais agus le raon bearta, lena n-áirítear ach ní amháin rialuithe astaíochtaí, teicneolaíocht níos fearr agus malairtí ar fhoinsí breosla. Tá ról tábhachtach ag beartas pleanála. Le pleanáil chomhtháite d'úsáid talún agus iompar, soláthar de spásanna glasa agus comhfhorbairt uirbeach d'ardchaighdeán, cuirfear le réitigh eile ar fheabhas a chur ar cháilíocht aeir inár limistéir uirbeacha.

## 5.2 Gníomhú ar son na hAeráide

- 5.2.1** Tá Éire tiomanta d'astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus sa chomhthéacs seo tá sí faoi dhualgas ar leibhéal idirnáisiúnta leis an gComhaontú Páras agus ar leibhéal an AE leis an gCinneadh maidir le Comhroinnt Díchill an AE (Cinneadh Uimhir 406/2009/AE) (ESD). Leagtar amach beartas agus dualgais náisiúnta sa Seasamh Beartais Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Íseal-Charbóin (2014) agus an tAcht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Íseal-Charbóin, 2015.
- 5.2.2** Maidir le laghdú na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa, tá sprioc ag Éirinn le haghaidh gach bliain ó 2013 go 2020 faoin ESD. Don bhliain 2020, is é an sprioc a leagadh amach ná gur chóir go mbeadh na hastaíochtaí 20% faoi bhun a luach a bhí sé sa bhliain 2005.
- 5.2.3** Thuairiscigh an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) go meastar na hastaíochtaí don bhliain 2015 ag 59.84 milliún tonna de choibhéis dé-ocsaíde carbóin, atá 3.7% níos airde ná na hastaíochtaí don bhliain 2014. Ach de réir an EPA, léiríonn na figiúirí seo go mbeidh Éire ag comhlíonadh a teorainn bhliantúil de 2015 arna leagan amach faoin ESD, ach chuir sé ar an airdeall go mbeidh sé deacair ár spriocanna maolaithe fadtéarmacha a bhaint amach leis na sonraí astuithe de 2015. Sa chomhthéacs seo, le réamh-mheastachán is déanaí de chuid an EPA (Márta 2016), léirítear go bhféadfadh astaíochtaí sa bhliain 2020 a bheith sa raon de 6-11% níos ísle ná na leibhéil in 2005, in ionad na sprice de 20% níos ísle.
- 5.2.4** I dtéarmaí cur i bhfeidhm an chéad sraith de phleananna chun ár n-aistriú chuig geilleagar íseal-charbóin a bhainistiú agus chun ár spriocanna idirnáisiúnta agus AE a chomhlíonadh, cuirfear plean maolaithe náisiúnta faoi bhráid an Rialtais le ceadú nach níos déanaí ná 10 Meitheamh 2017 i gcomhréir leis an Acht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Íseal-Charbóin, 2015. Áireofar leis seo bearta maolaithe earnála.
- 5.2.5** Sa Chreat Náisiúnta um Oiriúnú don Athrú Aeráide (arna fhoilsiú in 2012) aithnítear an fíor-thábhacht a bhaineann le bearta pleanála agus forbartha sa chur chuige straitéiseach foriomlán maidir le dul i ngleic le hoiriúnú don athrú aeráide, lena n-áirítear laghdú riosca agus athléimneacht a chothú. Athluafar agus déanfar athnuachan ar an ról tábhachtach atá ag pleanáil spásúlachta sa Chreat Náisiúnta um Oiriúnú reachtúil atá á fhorbairt faoin Acht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Íseal-Charbóin, 2015 agus beidh sé mar ábhar i gcomhairliúchán poiblí ar leith.
- 5.2.6** Má tá Éire leis an mbris a thabhairt isteach maidir le spriocanna laghduithe carbóin agus dul i dtreo an chuspóra d'Éirinn a bheith athléimneach ó thaobh na haeráide de agus a bheith íseal-charbóin faoi 2050, tá sé riachtanach roghanna a ghlacadh maidir leis an gcaoi a bpleanálaimid d'fhás an todhchaí. Mar ról tábhachtach don Chreat Pleanála Náisiúnta, beidh cabhrú leis na hathruithe struchtúir a threisiú, atá riachtanach chun aistriú chuig geilleagar agus sochaí inbhuanaithe íseal-charbóin. Leis seo, beidh orainn cinntí a ghlacadh maidir leis an gcaoi a ndéanfaimid cothromaíocht idir fás agus cur chuige níos inbhuanaithe maidir le forbairt agus cinntí chun scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaidh beartas pleanála cabhrú le cinntí i dtaca le hinfreastruchtúr náisiúnta a mhúnlú.

- 5.2.7** Is í an earnáil iompair, lena gcuimhdaítear aon chúigiú d'astaíochtaí carbóin in Éirinn, an fhoinsé astuithe is mó fáis ó 1990, rud a léiríonn méadú de 120% idir 1990 agus 2014. Tá baint aige seo le méadú ar úinéireacht chairr, ar úsáid talún scaipthe agus ar spleáchas cairr, le méadú de 140% ar líon na gcomaitéirí ag dul go dtí an obair idir 1991 agus 2011.
- 5.2.8** Má táimid le hastaíochtaí a laghdú ó earnálacha ar nós iompar, beidh gá le haghaidh a thabhairt ar an dibhéirseacht atá ag dul i méid idir an áit a n-oibríonn daoine, an áit a bhfuil cónaí orthu agus an áit a mbíonn siad ag casadh ar a gcéile agus mar sin de, beidh gá leis an tábhacht a bhaineann le comhfhorbairt áite d'ardchaighdeán a aithint d'fhonn cabhrú leis an iarracht náisiúnta i dtreo an chuspóra d'Éirinn a bheith athléimneach ó thaobh na haeráide de agus a bheith íseal-charbóin. Tá sé ábhartha breithniú a dhéanamh, mar shampla, ar an méid a mheastar gurb iad na tailte úrnua an príomhrogha d'fhreastail ar gach foirm d'fhorbairt nua, toisc an fad atá ag éirí níos mó do dhaoine atá ag taistil ón mbaile go dtí an obair.

### 5.3 Éire á hAthfuinnmhiú

- 5.3.1** Is dúshlán idirghaolmhara iad inbhuanaitheacht, iomaíochas agus slándáil fuinnimh. In aitheantas air seo, i bPáipéar Bán na hÉireann maidir le Fuinneamh 'Irelands Transition to a Low Carbon Energy Future 2015-2030' (Aistriú na hÉireann go Todhchaí le Fuinneamh Íseal-Charbóin 2015-2030), leagtar amach creat don bheartas fuinnimh lena n-aithnítear go bhfuil gá le bunathrú radacach ar ár gcóras fuinnimh d'fhonn ár gcuspóirí aeráide idirnáisiúnta, náisiúnta agus AE a chomhlíonadh atá le tabhairt faoi trí Phleananna Maolaithe Náisiúnta i ndiaidh a chéile.
- 5.3.2** Tá infreastruchtúr fuinnimh, lena n-áirítear infreastruchtúr eangaigh leictreachais, gréasáin ghiniúna leictreachais agus gáis fíor-thábhachtach chun tacaíocht a thabhairt d'fhás na todhchaí in Éirinn. Tagann tuairim is 60% dár n-astaíochtaí gás ceaptha teasa ó úsáidí fuinnimh sna hearnálacha cónaithe, iompair, fuinnimh, tionsclaíoch agus tráchtála, a mbraitheann fós ar bhreoslaí iontaise den chuid is mó.
- 5.3.3** Is gné fíor-thábhachtach é costas an fhuinnimh don iomaíochas. Tá sé tábhachtach chun infheistíocht thar lear a tharraingt isteach agus chun a chinntiú soláthar seirbhíse inacmhainne dár ndaoine agus dár ngnóthais. Le patrún lonnaithe scaipthe na hÉireann tá dúshlán shuntasach ann do chostais. Tá méid ár líonra leictreachais os cionn 35 méadar d'eangach leictreachais in aghaidh an duine, atá an-ard i gcomparáid le tíortha eile den AE.
- 5.3.4** Má táimid chun ár spleáchas náisiúnta ar bhreoslaí iontaise a laghdú, ár slándáil fuinnimh fhadéarmach a mhéadú agus ár bhfás eacnamaíoch a dhíchúpláil ó astaíochtaí, caithfear ár riachtanais fhuinnimh sa todhchaí a sheachadadh ar bhealach níos inbhuanaithe agus ag an am céanna réitigh aiseistithe a sholáthar d'fhorbairt atá ann cheana. Tá foinsí fuinnimh malartacha riachtanach freisin. Mar chuid den réiteach, tá fuinneamh in-athnuaite, agus tá sé ailínithe le beartas náisiúnta maidir le hathrú aeráide agus gníomhú ar son na haeráide.
- 5.3.5** Beidh an earnáil in-athnuaite ag éirí níos lárnaí de réir a chéile d'fhonn freastail ar ár n-éilimh fhuinnimh náisiúnta. Dá bharr, tagann an t-saincheist chun cinn maidir leis an gcaoi a dtugaimid tús áite do thionscadail um fhuinneamh in-athnuaite ag suíomhanna oiriúnacha ar fud Éireann, a bheidh ar an gcothromaíocht leis an ngá den chomhshaol agus conláiste atá ann cheana a choimeád. Go háirithe, tá roinnt áiteanna sa tír níos oiriúnaí do ghiniúint fuinnimh in-athnuaite agus do chineálacha éagsúla d'infreastruchtúr fuinnimh in-athnuaite.
- 5.3.6** Tá gá le cur chuige comhordaithe maidir leis an gcaoi a seachadtar na tionscadail seo má táimid chun geilleagar íseal-charbóin agus neodrach ó thaobh carbóin de a bhaint amach in earnálacha éagsúla. Leis seo, tagann an cheist chun cinn maidir leis an gcineál, scála agus suíomh infreastruchtúr in-athnuaite, ar nós in-athnuaite gaoithe agus gréine agus suíomhanna intíre agus suíomhanna amach ón gcósta d'fhonn ár spriocanna in-athnuaite a chomhlíonadh.
- 5.3.7** Ar leibhéal náisiúnta, d'fhéadfadh an rogha a bheith ann Criosanna nó Conairí Fuinnimh Straitéiseacha a chruthú cosúil leis na Criosanna Forbartha Straitéiseacha, mar réimsí de thosaíocht náisiúnta maidir le hinfeistíocht fuinnimh in-athnuaite, chomh maith le binse tástála a sholáthar do theicneolaíochtaí nua agus do réitigh a fhorbairt le haghaidh stóráil agus gabhail charbóin.
- 5.3.8** Ar leibhéal réigiúnach, beidh ról ag na straitéisí spásúlachta agus eacnamaíocha réigiúnacha sa réimse seo trí chur chuige réigiúnach maidir le foinsí in-athnuaite ar nós feirmeacha gaoithe, feirmeacha gréine agus soláthar téimh ceantair agus comhordú ar fud teorainneacha riaracháin áitiúla. Féadfaidh é seo díriú ar an réimse beartas forluite de thírdhreach agus thréithriú tírdhreacha.

## 5.4 Oidhreacht agus Tírdhreach

- 5.4.1** Tá oidhreacht shaibhir ag Éirinn, raon a théann ó fhoirgnimh agus láithreáin stairiúla íocónacha laistigh dár gcathracha agus dár mbailte go dtí an oidhreacht nádúrtha dár dtuath. Is deis é an NPF chun athdhíriú ar an athúsáid inbhuanaithe agus oiriúnaitheach dár sócmhainní stairiúla atá ann cheana, chun ceantair atá ann cheana a athghiniúint agus chun an brú den síneadh amach neamh-inbhuanaithe ar imeall na lonnaíochtaí a laghdú. Tá aitheantas ann freisin den luach atá ag baint leis ár n-oidhreacht nádúrtha, ní amháin don bithéagsúlacht ach do chríocha caitheamh aimsire, turasóireachta agus eolaíochta chomh maith.
- 5.4.2** Le tírdhreach na hÉireann tá saibhreas de shócmhainní cultúrtha agus nádúrtha le fáil a thacaíonn le caighdeán ár mbeatha agus lenár ngeilleagar turasóireachta. Tá dualgas orainn le haghaidh na nglún amach romhainn na sócmhainní sin a úsáid go freagrach agus ag an am céanna ár n-infreastruchtúr atá ann cheana a dhéanamh níos éifeachtaí chun níos mó buntáistí a sheachadadh. Ba chóir go mbeidh baint aige seo le luachanna sochaíocha lena n-áirítear comhtháthú sóisialta agus braistint d'oidhreacht chultúrtha. Ligfidh sé dúinn cothromaíocht a dhéanamh inár ngaol láidir idir an talamh agus cosaint an chomhshaoil.
- 5.4.3** Tá cosaint, bainistíocht agus pleanáil an tírdhreacha idirnasctha le bithéagsúlacht agus athrú aeráide, de réir mar a aithnítear sa Straitéis Tírdhreacha Náisiúnta d'Éirinn 2015-2025 (NLS). Baineann uaillmhianta an NLS le roinnt leasanna earnála agus réimsí beartais, lena n-áirítear an NPF. Teastaíonn cothromaíocht uaidh seo idir uaillmhianta atá san iomaíocht lena gcéile agus an gá le breathnú ar conas a fhéadfaidh comhtháthú beartais a chur i bhfeidhm d'fhonn taca a chur faoi phleanáil spásúlachta éifeachtach.
- 5.4.4** Má theipeann orainn cosaint a thabhairt dár dtírdhreacha, muirdhreacha agus dár n-oidhreacht chultúrtha, déanfar damáiste do tharraingteacht na hÉireann mar áit a bheith ina chónaí, ina obair nó áit le cuairt a thabhairt uirthi. Féadfaidh an NPF cabhrú le forbairt eacnamaíoch na todhchaí a mhúnlú trí chothromaíocht chuí a leagan amach idir athléimneacht ár n-acmhainní nádúrtha agus ár sócmhainní cultúrtha a chinntiú, agus na dualgais fhuinnimh agus aeráide a chomhlíonadh agus forbairt eacnamaíoch inbhuanaithe a sholáthar.

## 5.5 Infreastruchtúr Glas agus Bithéagsúlacht

- 5.5.1** Is éard atá i gceist le hinfreastruchtúr glas ná an chaoi a mbainistítear agus a gcuirtear feabhas ar ghnéithe tírdhreacha nádúrtha agus/nó bainistithe ar nós sruthchúrsa agus/nó fearann páirce, mar acmhainn ilfheidhmiúil atá ábalta raon leathan de bhuntáistí eacnamaíocha, comhshaoil agus caighdeán na beatha a sheachadadh, dá ngairtear 'seirbhísí éiceachórais'.
- 5.5.2** Sna buntáistí seo, féadtar a chur san áireamh cruthú timpeallachta tarraingtí chun gnó agus infheistíocht isteach a spreagadh; níos mó áiteanna a chruthú do dhaoine rochtain a bheith acu ar an nádúr, caitheamh aimsire amuigh faoin aer nó idirghníomhaíocht shóisialta nó gníomhaíocht fhisiceach a chruthú trí spásanna glasa nó 'gorma' (a bhaineann le huisce) a chur ar fáil le haghaidh siúlóide, rothaíochta agus gníomhaíochta fisicí eile agus ómós áite agus éagsúlacht áitiúil a chruthú. Go ginearálta, áirítear chomh maith cur chuige cuimsitheach maidir le forbairt an tírdhreacha agus tionchair eile san áireamh, ar nós forbairt éiceolaíoch, feabhas a chur ar cháilíocht aeir, uisce agus ithreach agus cosaint ó thuille.
- 5.5.3** Tá éagsúlacht mhór ag Éirinn maidir le gnáthóga nádúrtha agus leathnádúrtha ar nós sléibhte, portaigh, bogaigh, lochanna, imeallbhoird, abhainn agus gnáthóga ardtalún a thacaíonn le raon leathan de speicis ainmhithe agus plandaí fiáine. Tá go leor de na ceantair seo ag teacht faoi bhrú atá ag éirí níos láidre de réir mar a ndéantar forbairt níos déine.
- 5.5.4** Is iad na príomh-saincheisteanna atá os comhair gnáthóga agus speiceas na hÉireann ná damáiste díreach don ghnáthóg. D'fhéadfadh tuile a bheith mar chúis leis seo, nó draenáil/míntíriúchán bogaigh nó forbairt infreastruchtúir, truailliú uisce, go háirithe ó chothaithigh agus siolta nó dúshaothrú neamh-inbhuanaithe ar nós ró-iascaireacht agus eastóscadh móna. Tá bagairtí ann ó speicis ionrach agus ó bhrúnna de chaitheamh aimsire. Is cosúil go mbeidh athrú aeráide mar chúis le brúnna breise ar roinnt speiceas agus gnáthóg in Éirinn.

## Cad atá amach Romhainn?

Is éard atá sa mhúnla 'Gnó mar is Gnách' ná leanúint ar aghaidh le patrúin agus cur chuige reatha maidir le bainistíocht an chomhshaoil agus éilimh iomaíocha. Mar sin de, is cosúil go mbeidh an cur chuige seo mar chúis le:

- Leanúint ar aghaidh le patrúin fháis atá ann cheana, lena gcuirtear níos mó brúnna ar an timpeallacht ghlactha agus lena ndéantar bagairt ar shláinte phoiblí;
- Bagairt leanúnach ar agus meathlú ar stádas na ngnáthóg agus speiceas in Éirinn;
- Cliseadh de thiomantais idirnáisiúnta fuinnimh agus aeráide a bhaint amach maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus cliseadh de spriocanna fuinnimh in-athnuaite a bhfuil ina cheangal dlí a chomhlíonadh agus na costais fhéideartha a bheadh ann don Státchiste má bhíonn air 'Creidmheasa Carbóin' (astaíochtaí gás ceaptha teasa) agus nó 'aistrithe staidrimh' (fuinneamh in-athnuaite) a cheannach d'fhonn comhlíonadh leis na spriocanna a leagadh amach, in ainneoin na feabhsúcháin sa teicneolaíocht;
- Caidrimh leanúnacha d'athlonnú spásúil a bheidh mar chúis le costais níos airde de sheirbhísí fuinnimh;
- Míshásamh poiblí leanúnach, costais agus moill maidir le seachadadh na dtionscadal um fhuinneamh in-athnuaite.

Meastar go mbeidh gá leis an méid seo a leanas a bhreithniú sna malairtí:

- Díobháil chomhshaoil a sheachaint trí phleanáil níos fearr atá comhordaithe le hinfheistíocht ghaolmhar;
- Forbairt nach bhfuil chomh scaipthe a d'fhéadfadh cur le costais fhuinnimh níos inacmhainne agus infreastruchtúr a sholáthar níos éasca ar scála náisiúnta do níos mó daoine.
- Na hathruithe a dhéanamh atá riachtanach don aistriú chuig sochaí íseal-charbóin agus atá athléimneach ó thaobh na haeráide de agus níos mó cinnteachta a chur ar fáil maidir leis an gcineál, scála agus suíomh an infreastruchtúir in-athnuaite ar fud na hÉireann.
- Foireann uirlisí de roghanna a fhorbairt chun comhtháthú comhshaoil níos fearr a chinntiú nuair atáthar i mbun pleanála d'fhás na todhchaí ar nós pleanáil infreastruchtúir ghlaís agus rangú tírdhreacha comhleanúnach a chur san áireamh mar chuid de phleanáil phríomhshrutha.

## Príomhcheisteanna

- Conas a fhéadfaidh an NPF cabhrú lena chinntiú go ndéanfaimid cothromaíocht inbhuanaithe idir freastal ar dhaonra atá ag dul i méid agus aghaidh a thabhairt ar bhrúnna comhshaoil nó iad a sheachaint?
- Conas a fhéadfaimid pleanáil d'fhás ar chaoi a dtacaítear le haistriú chuig geilleagar íseal-charbóin agus atá athléimneach ó thaobh na haeráide de agus cén bhearta beartais pleanála atá riachtanach chun é seo a bhaint amach?
- Cén t-infreastruchtúr fuinnimh straitéiseach atá riachtanach chun tacú leis an ngeilleagar agus leis an t-sochaí agus chun bunathrú chóras fuinnimh na hÉireann a bhaint amach d'fhonn comhlíonadh leis na dualgais maidir le hathrú aeráide agus le fuinneamh agus cén áit ar chóir iad a lonnú?
- An bhfuil aon saincheist chomhshaoil náisiúnta eile a cheapann tú gur chóir a chur san áireamh san NPF agus atá laistigh de théarmaí tagartha an bheartais pleanála?
- Cuireadh cáipéis scóipe SEA le chéile i gcomhar leis an bpáipéar seo. Cad iad na saincheisteanna suntasacha ábhartha le díriú uirthi ag an SEA, AA agus SFRA agus cén cuspóirí comhshaoil ar chóir a úsáid?
- Cén bhearta ar chóir a chur i bhfeidhm d'fhonn ár dtírdhreacha, muirdhreacha agus oidhreacht a chosaint agus d'fhonn a chinntiú go mbíonn Éire fós mar áit tharraingteach chun cónaí agus obair inti agus chun cuairt a thabhairt uirthi?

## 6

# Éire a Ullmhú d'Fhorbairt na Todhchaí - Infreastruchtúr

## 6.1 An Caighdeán á Leagan Síos

- 6.1.1** Is gné thábhachtach de shochaí agus geilleagar nua-aimseartha é infreastruchtúr d'ardchaighdeán. Neartaíonn sé fás eacnamaíoch trí fheabhas a chur ar éifeachtúlacht, táirgiúlacht agus iomaíochas. Chomh maith leis sin, cuirtear taca faoi chomhtháthú sóisialta trí áiseanna fíorthábhachtacha a chur ar fáil do dhaoine ar nós scoileanna, iompar poiblí, cúram sláinte agus tithíocht.
- 6.1.2** Sa Tuarascáil ó Choimisiún an AE ar Thír na hÉireann, arna foilsiú in 2016, aithnítear gurb ionann caiteachas caipitil don tréimhse 2010-2013 agus 4.8% ar an meán den chaiteachas iomlán, figiúr a bhí níos lú ná leath an mheáin fhadtéarmaigh le linn na tréimhse 1995-2008. Sa Tuarascáil luaitear go raibh tionchar diúltach ag roinnt blianta den laghdú ar infheistíocht rialtais ar cháilíocht agus leordhóthanacht an infreastruchtúir.
- 6.1.3** Cé go bhfuil cinnteoireacht mhaicreacnamaíoch maidir le hinfhaighteacht chaiteachais d'infheistíocht chaipitil thar raon an Creat Pleanála Náisiúnta, cuirfidh an NPF pictiúr soiléir de na prionsabail phleanála a mbeidh tionchar acu ar thosaíochtaí na todhchaí d'fhonn a shocrú an áit ar chóir daoine a bheith ina gcónaí agus cén chineál gníomhaíocht eacnamaíoch agus shóisialta is oiriúnaí do réigiúin agus ceantair áirithe.
- 6.1.4** Agus straitéis á leagan amach, cuirfear soiléireacht agus comhordú spásúil ar fáil sa Chreat Pleanála Náisiúnta agus ailíneofar sin le Pleananna um Infheistíocht Chaipitil sa todhchaí. Déanfar breithniú ar an rogha iarbhir de chinntí infheistíochta agus idir tionscadail shainiúla chomh maith leis an t-saincheist d'ínacmhainneacht maidir leis an NPF, leis na tionscadail straitéiseacha is suntasaí aithnítear sa NPF.
- 6.1.5** Leis an gcomh-smaointeoireacht seo, cabhrófar leis na coinníollacha a chruthú le haghaidh foinsí nua agus breise de sheachadadh agus maoiniú infreastruchtúir. Is sampla é an clár um Bóithre Náisiúnta de straitéis fhoriomlán a cuireadh i bhfeidhm go rathúil, a raibh mar chuspóir aici mótarbhealaí idir-uirbeacha d'ardchaighdeán a sheachadadh idir Baile Átha Cliath agus na príomhláir daonra.
- 6.1.6** Ba shaincheist áirithe é an gaol idir infreastruchtúr agus úsáid talún in Éirinn gur threisigh patrún spásúil na forbartha an status quo is coitianta. Tá sé seo mar gheall ar infheistíocht infreastruchtúir den chuid is mó, a lean an fhorbairt agus an daonra, i gcomhthéacs caiteachas poiblí srianta agus timpeallacht arna spreagadh ag an margadh agus ag an bhforbairt.
- 6.1.7** Mar chúis ar an status quo, tá neamhréir ag tarlú arís is arís eile idir fás an daonra agus soláthar tithíochta le blianta beaga anuas. Agus níos déanaí, tá rósholáthar tithíochta ar fud na tíre, le ganntanas tithíochta ina dhiaidh sin sna príomhláir daonra. Is tréith den chur chuige 'gnó mar is gnách' é an timthriall seo agus bhí sé riachtanach tús áite a thabhairt do chur i bhfeidhm Plean Gníomhaíochta um Thithíocht agus Easpa Dídine - Éire á Athchothú chun dul i ngleic leis na dúshláin reatha agus chun borradh a chur faoi réitigh thithíochta a sheachadadh sa ghearrthéarma.
- 6.1.8** Ós rud é go bhféadtar réamh-mheastacháin a dhéanamh maidir le fás an daonra, formáid teaghlaigh agus riachtanais tithíochta ionchais, is tráthúil é scrúdú a dhéanamh ar an ngaol atá idir éileamh, soláthar, suíomh tithíochta, agus infreastruchtúr tacaíochta mar chuid de chur chuige náisiúnta, fadtéarmach, straitéiseach maidir le pleanáil do dhaoine agus pleanáil áite. Leis an NPF, tugtar deis é seo a dhéanamh d'fhonn ailíniú níos fearr a bhaint amach idir fás an daonra agus riachtanais tithíochta. Beidh dearcadh straitéiseach ag teastáil uaidh seo ar an éileamh tithíochta agus soláthar talún is dócha a bheidh ann ar leibhéal náisiúnta chun tacú le hinfheistíocht chomhordaithe ar fud roinnt ranna agus gníomhaireachtaí.

- 6.1.9** Beidh an NPF ábhartha d'infreastruchtúr náisiúnta straitéiseach a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar phatrún spásúil na forbartha agus a bhféadfadh cur le cuspóirí náisiúnta i réimsí ar nós iompar, uisce, fuíolluisce/tuille, dramhaíl, gníomhú ar son na haeráide, banda leathan/teileachumarsáid, fuinneamh, sláinte, oideachas, pobail agus turasóireacht. San áireamh freisin, cinnteofar go bhfuil infreastruchtúr oiriúnaithe do thionchair an t-athrú aeráide agus go bhfuil infheistíochtaí infreastruchtúr na toadhcháí faoi chosaint ón aeráid, chomh maith le hacmhainneacht a chothú d'infreastruchtúr glas agus gréasáin chomhshaoil lena gcuirtear seirbhísí éiceachórais ar fáil, chun cur le hinfreastruchtúir níos traidisiúnta.
- 6.1.10** Tá soláthar d'infreastruchtúr sóisialta atá i gcomhréir le suíomh agus scála na lonnaithe nó ceantair lárnach chomh maith le tacú le pobail bhríomhara inbhuanaithe a fhreastalaíonn ar gach céim den saol. Is léir anois go bhfuil forbairt le linn fiche bliain anuas scaipthe go leathan, agus tá an chuid is mó de, bunaithe lasmuigh de cheantair uirbeacha.
- 6.1.11** In Éirinn, réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú ar rollú bunscoile go dtí os cionn 574,000 in 2018, sula dtosaíonn sé ag titim. Tá an buaicfhigiúr seo cosúil leis na leibhéil rolluithe bunscoile nár fhacthas in Éirinn ó go luath sna 1980idí. Réamh-mheastar freisin go méadófar rolluithe meánscoile suas go dtí an bhliain 2025, agus meastar go mbeidh líon na rolluithe os cionn 400,000 dalta don chéad uair riamh i stair an Stáit.
- 6.1.12** Tá méadú leanúnach tagtha ar líon na mac léinn rollaithe san ardoideachas le blianta beaga anuas, agus táthar ag súil go sroichfear an bhuaic ag deireadh na 2020idí. Tá méadú substaintiúil tagtha ar rolluithe lánaimseartha go háirithe, le méadú de 25% sna 10 mbliana roimhe seo amháin. Mar sin de, bhí daonra mór le hardoideachas sa bhliain 2015, bhain 52% de dhaoine san aoisghrúpa 25-34 cáilíocht thríú leibhéil amach, figiúr atá i bhfad os cionn meán an AE (42%). Leis an riachtanas leanúnach atá ann maidir le foghlaim ar feadh an tsaoil agus uas-sciliú an lucht saothair, cuirfear le héileamh sa toadhcháí ar sholáthar ardoideachais agus breisoideachais.

## 6.2 Scála agus Tionchar

- 6.2.1** I roinnt cásanna, mar thoradh ar an bhfás tapa de lonnaithe beaga, tharla an fhorbairt ar a leithéid de scála agus luais gur cuireadh dúshlán roimh chumas na seirbhísí agus dá bharr bhí gá le hinfreastruchtúr, áiseanna agus seirbhísí nua, agus i gceantair eile, níor úsáideadh i ndóthain nó ar chor ar bith na seirbhísí agus infreastruchtúr a bhí ann cheana, don daonra atá ag dul in aois agus ag laghdú.
- 6.2.2** Ciallaíonn sé seo go bhfuil ar dhaoine in Éirinn taistil níos faide le haghaidh seirbhísí bunúsacha, ós rud é nach bhféadtar iad seo a mhacasamhlú gach áit a dtagann daonra nua chun cinn. Leis an bhforbairt scaipthe, cuireadh isteach ar cheantair a bhí beartaithe d'fhás straitéiseach agus ar phríomhláithreáin athghiniúna i go leor cathracha agus bailte.
- 6.2.3** Cuireadh le chéile, rinneadh níos deacra pleanáil éifeachtach a dhéanamh do sheirbhísí agus d'infreastruchtúr. Mar shampla, tugadh infheistíocht phoiblí do go leor ceantar forbartha beartaithe chun infreastruchtúr a éascú, lena n-áirítear iompar poiblí, ach ní fhéadtar na buntáistí féideartha a bhaint amach.
- 6.2.4** Is táscaigh go raibh meán d'olldhlús de 13 duine in aghaidh an heicteáir sna ceantair faoi fhoirgnimh de réir an Áirimh laistigh de na ceithre chathair is mó, gan Baile Átha Cliath san áireamh, agus sa limistéar coibhéseach i mBaile Átha Cliath bhí 35 duine in aghaidh an heicteáir (figiúirí ó 2011). Tá impleachtaí suntasacha aige seo do sholáthar seirbhíse agus infreastruchtúir. Mar shampla, glactar go ginearálta gurb é an t-íosmhéid atá riachtanach do sholáthar d'iompar poiblí atá inmharthana ó thaobh eacnamaíochta de ná 30 duine in aghaidh an heicteáir.
- 6.2.5** D'fhoill cur chuige straitéiseach a chinntiú maidir le soláthar infreastruchtúir ar scála náisiúnta, cuirfear cúlra spásúil ar fáil leis an NPF d'fhoill tús áite a thabhairt do chinntí infheistíochta, chun straitéis a chruthú leis an bpéire acu. Cuirfear tús leis seo leis an athbhreithniú lár téarma den phlean caipitil reatha suas go 2021, a fhorluífeadh leis an dtréimhse thosaigh de chur i bhfeidhm an NPF.
- 6.2.6** Le haghaidh gníomhaíochtaí ar nós trádáil ar líne bíonn gá le gréasáin chumarsáide a bheith ann chun tacú leis an gcáilíocht riachtanach de nascacht. Beidh ról lárnach ag seachadadh rathúil de Phlean Banda Leathan Náisiúnta maidir le forbairt réigiúnach, chun taca a chur faoi chruthú fostaíochta, cuimsiú sóisialta a chur chun cinn agus riachtanais taistil a laghdú (agus laghdú d'ídiú breosla iontaise dá bharr).

- 6.2.7 Leis an ionchas fadtéarmach an NPF, éascófar raon de thionscadail straitéiseacha atá le hailíniú agus le seicheamhú maidir le forbairt spásúil atá ag teacht chun cinn agus torthaí úsáid talún. Beidh monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach de thorthaí forbartha spásúla ar fáil d'athbhreithniú tréimhsiúil an NPF agus beidh siad ann chun tionchar a bheith acu ar infreastruchtúr, caiteachas agus seicheamhú straitéiseach sa todhchaí.

## Cad atá amach Romhainn?

Beidh an NPF difriúil, in ionad a bheith mar mhianliosta de thionscadail, beidh sé ina straitéis, mar gheall ar an bhféidearthacht de bhreithnithe spásúla a nascadh le bearta infheistíochta seicheamhaithe agus pacáistithe. Úsáidfear 'comh-smaointeoireacht' dá leithéid, chun cabhrú le foinsí nua, breise de mhaoiniú agus seachadadh infreastruchtúir, ach beidh gá le cinnteoireacht ionraic. Tá sé seo i gcodarsnacht le cur chuige níos frithghníomhaí lena ndéantar iarracht freagairt ar fhadhbanna de réir mar a thagann siad chun cinn, nó aghaidh a thabhairt ar 'bolgshrónach' ar tí, is fearr a bhíonn sé.

Tá an cás frithghníomhach seo níos samplaí den chás 'gnó mar is gnách' in Éirinn le blianta beaga anuas, agus is léir go bhfuil brúnna suntasacha ann cheana féin, mar shampla maidir le hinfhaighteacht agus inacmhainneacht tithíochta, iompair uirbigh, soláthar uisce agus fuíolluisce, cúram sláinte, costas chúram leanaí agus áiteanna scoile a dhaingniú sa bhunscoil agus sa mheánscoil.

D'fhonn an luach is fearr ar airgead a chinntiú agus éifeachtúlacht i dtéarmaí caiteachais infreastruchtúir a chinntiú agus chun acmhainneacht shuntasach d'infreastruchtúr neadaithe atá ann cheana, beidh ar na malairtí:-

- Tosaíochtaí infreastruchtúir straitéiseacha náisiúnta a aithint;
- An 'pacáistiú' agus seicheamhú de thionscadail infreastruchtúir a bhaineann le spásúlacht a chur chun cinn de réir a chéile d'fhonn na torthaí is fearr a bhaint amach;
- Moladh an áit is fearr do shintí uirbeacha straitéiseach ar scála mór nó an áit a mbeadh cineálacha nua lonnaíochta cuí agus cén t-infreastruchtúr sóisialta a bheidh riachtanach;
- Meicníochtaí lena gcuimsítear an luach infreastruchtúir neadaithe atá ann i go leor lonnaíochtaí atá ann cheana a aithint agus tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt níos tarraingtí ag suíomhanna dá leithéid;
- Níos mó chomhtháthú beartais agus cinntí maidir le hinfheistíocht chomhleanúnach a éascú ar fud na hearnálacha iompair, pleanála agus sláinte, a bhfuil fianaise ann go bhféadfaidh siad go léir taisteal gníomhach agus inbhuanaithe a dhéanamh níos tarraingtí ná an carr príobháideach;
- Plé a dhéanamh maidir le hinfhaighteacht tailte an stáit agus tailte poiblí le haghaidh tionscadal eiseamláire.

## Príomhcheisteanna

- Cad iad na tionscadail infreastruchtúir atá tábhachtach go náisiúnta in Éirinn a chaithfear a sheachadadh ar feadh na fiche bliain atá amach romhainn?
- Cad a chaithfimid a dhéanamh chun an úsáid is fearr a bhaint as infreastruchtúr atá ann cheana?
- Conas a fhéadfaimid a chinntiú go bhféadfar soláthar infreastruchtúir a phleanáil ionas go mbeadh sé oiriúnaithe d'éileamh na todhchaí agus conas a fhéadfar é seo a léiriú sa NPF?
- Conas a fhéadfar caiteachas caipitil ar infreastruchtúr nua a sheicheamhú ar bhealach atá inacmhainne agus cothrom, agus aird a thabhairt ar dhualgais na hÉireann maidir le hathrú aeráide?
- Conas a fhéadfaimid a chinntiú go bhféadfar soláthar tráthúil d'infreastruchtúr sóisialta tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt nua agus d'fhorbairt atá ann cheana?



# An Fhís á Cumasú – An Creat Pleanála Náisiúnta á Chur i bhFeidhm

## 7.1 Tiomantas agus Struchtúir

- 7.1.1** Beidh cur i bhfeidhm an Creat Pleanála Náisiúnta chomh tábhachtach agus a bheidh ullmhú an Chreata. Beidh gá don NPF a bheith soiléir maidir leis an gcaoi a gcuirfear i bhfeidhm é, cé a chuirfidh i bhfeidhm é agus cad iad na príomhghníomhartha cur i bhfeidhm, ós rud é go bhfuil teorainneacha eagraíochtúla agus geografacha na n-eagraíochtaí lárnach do spriocanna an NPF a bhaint amach agus nach mbíonn baint acu le patrúin laethúla maireachtála, oibre agus taistil chun teacht ar sheirbhísí.
- 7.1.2** Agus taithí á baint ón Straitéis Náisiúnta Spásúlachta, tá tacaíocht reachtúil in éineacht le tiomantas níos leithne institiúideach agus polaitiúil lárnach d'fhonn a chinntiú go mbeidh tionchar ag an NPF ar bheartas poiblí ar fud an Rialtais, na dTionól Réigiúnach agus riarachán de chuid na nÚdarás Áitiúil. Mar sin de, beartaítear go mbeidh cur i bhfeidhm láidir náisiúnta ar leibhéal réigiúnach agus áitiúil i ndiaidh cur i gcrích an Chreat Pleanála Náisiúnta.
- 7.1.3** Ar aon dul le moltaí na tuarascála deiridh den Bhinse Mahon arna foilsiú in 2012, tá sé beartaithe go mbeidh próiseas reachtúil de chur le chéile an Chreat Pleanála Náisiúnta agus go ndéanfar a chur i bhfeidhm faoin mBille um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2016.
- 7.1.4** Forbrófar agus bunófar struchtúir d'fhonn a chinntiú go dtabharfaí an leibhéal is airde de thiomantas don NPF agus a phríomhthograí, lena n-áirítear tiomantas buiséadach agus infheistíochta, agus mar sin de a chinntiú go spreagfaí go cuí iad, lena n-áirítear monatóireacht sheasmhach chun dul chun cinn agus béim a thomhas dá réir sin.
- 7.1.5** Beidh gá le creat forbartha ar leibhéal náisiúnta ar nós an NPF a bheith straitéiseach agus an-dírthe ar chur chuige, is é sin le rá go gcaithfear tuilleadh straitéisí níos mionsonraithe a chur leis, ar leibhéal geografach i dtéarmaí gnéithe réigiúnacha agus áitiúla agus ar leibhéal earnála i dtéarmaí beartas a bhaineann le hiompar, fuinneamh, forbairt fiontair nó tithíocht.
- 7.1.6** Leis an Acht um Athchóiriú an Rialtais Áitiúil 2014, bunaíodh trí Thionól Réigiúnach, lena gcumhdaítear an tOirthear agus Lár na Tíre, an Deisceart agus Iarthuaisceart na Tíre. In éineacht leis an gCreat Pleanála Náisiúnta, cuirfidh gach Tionól Réigiúnach Straitéis Eacnamaíoch agus Spásúlachta Réigiúnach (RSES) i gcrích agus glacfaidh siad iad chun leagan amach le níos mó mionsonraí an chaoi ar chóir an NPF a chur i bhfeidhm i ngach limistéar de chuid an Thionóil Réigiúnaigh agus sna limistéir de chuid na n-údarás áitiúil a dhéanann suas gach tionól.
- 7.1.7** Sna trí limistéar Tionóil Réigiúnaigh, áirítear limistéir uirbeacha agus ceantair tuaithe araon agus contaetha intíre agus ar an gcósta araon, agus tá teorainn le Tuaisceart Éireann ag péire acu. I gcás an Oirthir agus Lár na Tíre, tá fianaise ann go dtéann an limistéar atá faoi thionchar Bhaile Átha Cliath ón gCabán Theas go Loch Garman, atá taobh leis na trí limistéar Tionóil Réigiúnaigh agus il-údarás áitiúla.
- 7.1.8** Tá na tríocha a haon údarás áitiúil fíor-thábhachtach maidir le cur i bhfeidhm an Chreat Pleanála Náisiúnta, ós rud é go bhfuil siad freagrach as raon leathan d'fheidhmeanna forbartha áitiúla, lena n-áirítear forbairt agus pleanáil eacnamaíoch, tithíocht, bainistíocht tráchta agus gluaiseachta, forbairt phobail agus cosaint an chomhshaoil, lena múnlaítear na háiteanna a bheidh mar chúis leis an NPF tarlú ar an láithreán.

- 7.1.9** Agus ag breathnú níos cruinne ar údaráis áitiúla, téama a chonacthas arís is arís eile sa réamhchomhairliúchán i dtéarmaí conas ar chóir an NPF a chur i bhfeidhm thar teorainneacha údaráis áitiúil ós rud é go mbeidh limistéir faoi fhoirgnimh nó 'lorg coise' d'fhoirmhór na gcathracha agus na mbailte ar dhá thaobh teorainneacha an údaráis áitiúil nó fiú amháin ar dhá thaobh na dteorainneacha réigiúnacha, ar nós Corcaigh, Baile Átha Cliath, Luimneach, Port Láirge, Baile Átha Luain, Bré, Ceatharlach agus Droichead Átha.
- 7.1.10** Mar sin de, d'ullmhú an NPF caithfear a bheith ag súil le dúshlán agus a bheith ullmhaithe dóibh agus atá an Creat á chur i bhfeidhm, agus eascraíonn formhór na dúshlán ón bhfíric nach mbeidh na saincheisteanna atá creat pleanála ag lorg aghaidh a thabhairt orthu, i gcónaí ar aon dul le struchtúir riaracháin stairiúla, scála, geografaíocht, agus níos déanaí le riachtanais tuairiscithe an AE agus le teorainneacha eagraíochta agus riaracháin.

## 7.2 Príomh-Bhreithnithe Beartais

- 7.2.1** Mar sin de, san áireamh leis na príomhshocruithe chur i bhfeidhm a aithnítear ag an bpointe seo d'fhorbairt an NPF tá an méid seo a leanas:-

**Spreadadh Idir-Rannach:** Trí Fhoireann Bainistíochta um Chreat Pleanála Náisiúnta;

**Tacaíocht Reachtúla:** Tríd an mBille um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2016.

**Struchtúir Riaracháin chun Freagairt ar Shaincheisteanna den Saol mar atá:**

- Ullmhúchán de Straitéisí Réigiúnacha Spásúlachta agus Eacnamaíoch chun iad a chomhordú ar fud na n-údarás áitiúil agus ar leibhéal bheartais phoiblí níos leithne chun tacú leis an NPF;
- Cláir chur i bhfeidhm a forbraíodh ar bhonn tras-údarás áitiúil laistigh de struchtúr an Thionóil Réigiúnaigh;
- Bonn reachtaíochta a neartú do chomhordú na n-údarás áitiúil maidir le pleanáil;
- Gné mhuirí agus gné Thuaidh-Theas/Thoir-Thiar.

**Infheistíocht:** Cláir Chaipitil de Ranna Rialtais agus ó chomhlachtaí poiblí ábhartha agus úsáid de chórais bunaithe ar 'thairiscintí' lena mealltar do thras-údarás/gníomhaireacht obair le maoiniú sonraíoch cáilithíoch;

**Monatóireacht agus Aiseolas Beartais:** Bunú de mhonatóireacht neamhspleách den NPF chun córais bhailiúcháin sonraí a aithint agus a chur i bhfeidhm lena ndéantar éifeachtúlacht agus torthaí an NPF a thomhas chun aiseolas a thabhairt do thuilleadh cur i bhfeidhm, athbhreithnithe agus nuasonraithe ar aon dul le tograí an Bhille um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2016. D'fhéadfadh socrú maoirseachta foirmiúla a bheith ann don NPF i bhfoirm tuairiscithe bhliantúil chuig an Rialtas agus chuig an Oireachtas,

## Cad atá amach Romhainn?

Caithfear breithniú cúramach a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus ar mhonatóireacht den Chreat Pleanála Náisiúnta, d'fhonn géarchéimeanna sa todhchaí a sheachaint a d'fhéadfadh tarlú mar chúis ar dhúshláin reatha.

Ní mór don Chreat Pleanála Náisiúnta cothromaíocht a thabhairt idir plean straitéiseach a sheachadadh d'Éirinn ar feadh na fiche bliain amach romhainn agus acmhainneacht na n-áiteanna agus uaillmhianta na ndaoine a chothú. Tá toil pholaitiúil agus úinéireacht ar leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta lárnach chun an chothromaíocht seo a bhaint amach d'fhonn ligean d'áiteanna de shaghsanna éagsúla cur lena gcéile in ionad iad a bheith in iomaíocht.

Ní mór machnamh a dhéanamh ar chumas na struchtúir rialachais atá ann cheana ar leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta chun an Creat Pleanála Náisiúnta a spreagadh agus a thacú, d'fhonn torthaí níos fearr a bhaint amach do dhaoine agus d'áiteanna.

## Príomhcheisteanna

- Maidir le cur i bhfeidhm agus monatóireacht an NPF, an bhféadfar spriocanna coiteanna a aithint agus a chur i bhfeidhm do gach áit?
- Cad iad na baic atá ar an gcur i bhfeidhm?
- Cén bhealach is fearr atá ann chun torthaí pleanála inbhuanaithe a aithint agus a chúiteamh?
- Cad iad na luamháin atá riachtanach chun éifeachtúlachtaí níos fearr a sheachadadh i riarachán agus i rialachas maidir le cur i bhfeidhm agus monatóireacht an NPF?
- Cad iad na príomhtháscairí chun cur i bhfeidhm rathúil den NPF a thomhas?





**An Roinn Tithíochta, Pleanála,  
Poball agus Rialtais Áitiúil**  
Department of Housing, Planning,  
Community and Local Government

---

Teach an Chustaim, Baile Átha Cliath 1, W6X0 D01

[www.ireland2040.ie](http://www.ireland2040.ie)

[npf@housing.gov.ie](mailto:npf@housing.gov.ie)

Fón 1890 20 20 21 nó +353 (01) 888 2000